EUROPEAN UNION AGENCY FOR ASYLUM

# Treoir Phraiticiúil i leith ESQF



Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

| Print | ISBN 978-92-9400-143-6 | doi:10.2847/85209 | BZ-09-22-175-GA-C |
|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-9400-121-4 | doi:10.2847/164873 | BZ-09-22-175-GA-N |

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022

Deilbhíní: © Flaticon.com

Is é ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

# Treoir Phraiticiúil i leith ESQF

# Réamhrá

Tá an Curaclam Eorpach Tearmainn deartha go sonrach chun gairmoiliúint choiteann a sholáthar d'oifigigh thearmainn agus ghlactha atá ag obair i mBallstáit den Aontas Eorpach (AE). Éascaíonn an ghairmoiliúint an fhoghlaim a theastaíonn chun post a chur i gcrích go héifeachtach. Tagann dhá cheist amach as an ráiteas sin; ar an gcéad dul síos, cad iad na cúraimí poist atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha agus, ar an dara dul síos, cad is gá dóibh a fhoghlaim chun go mbeidh siad in ann na cúraimí sin a chur i gcrích? Níl aon fhreagra simplí ann ar na ceisteanna sin mar gheall ar an éagsúlacht (ó thaobh méide de agus ó thaobh struchtúr eagraíochta de araon) atá le fáil i measc na n-eagraíochtaí atá freagrach as an tearmann agus as an nglacadh ar fud na hEorpa. Mar sin... chuir EUAA[1] tús le próiseas lena fháil amach cad iad na cúraimí coiteanna atá i gceist

Le tacaíocht ó na Ballstáit, léarscáilíomar na cúraimí poist sonracha uile (dá ngairtear Caighdeáin Ghairme) agus shainíomar an fhoghlaim a theastaíonn chun na cúraimí sin a chur i gcrích (dá ngairtear Caighdeáin Oideachais). Is féidir na Caighdeáin Ghairme agus na Caighdeáin Oideachais a úsáid i dteannta a chéile chun an fhoghlaim a ailíniú leis an bpost. Is é an toradh atá ar an obair sin an Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha (ESQF[2]), ina dtugtar forbhreathnú ar na caighdeáin agus ar a leibhéal castachta.



## Caighdeáin Ghairme d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha

Tuairiscítear sna Caighdeáin Ghairme na cúraimí agus na gníomhaíochtaí gairmiúla agus na gnáthinniúlachtaí poist a bhaineann le gairm. Tá na caighdeáin ghairme ailínithe leis na riachtanais foghlama atá ag an oifigeach tearmainn agus glactha aonair. Cuireann sé sin ar a cumas do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) oiliúint ábhartha a dhearadh do na Ballstáit agus, ar an mbealach sin, tacú le hoifigigh thearmainn a n-obair laethúil a dhéanamh. Fágann sé sin go mbíonn nasc díreach ann i gcónaí idir oiliúint agus feidhmíocht poist.

## Caighdeáin Oideachais d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha

Caighdeáin Oideachais trí chur chuige atá bunaithe ar thorthaí foghlama a úsáid chun a áirithiú gur féidir an oiliúint ar fad a nascadh le cúraimí a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Cé gur beag idir Caighdeáin Oideachais agus Caighdeáin Ghairme, tá struchtúr sonrach ar Chaighdeáin Oideachais toisc gur torthaí foghlama iad. Tosaíonn siad le briathar gníomhach, ní mór iad a bheith intomhaiste agus ní mór raon feidhme agus leibhéal castachta na foghlama a léiriú iontu. Luaitear i dtorthaí foghlama an méid a bheidh gnóthaithe ag foghlaimeoir ag deireadh an tseichimh foghlama. Úsáidtear iad chun bonn eolais a chur faoi na cúraimí measúnaithe shuimithigh, á áirithiú go bhfuil siad chomh dílis agus is féidir do na cúraimí poist.

[1] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) - Ar a dtugtaí an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO)

[2] Seasann ESQF do "European Sectoral Qualifications Framework" as Béarla




## Áirithítear le ESQF oiliúint atá oiriúnach don chuspóir

Bíonn EUAA ag féachaint i gcónaí lena chinntiú go bhfuil an oiliúint atá ar fáil uaithi chomh héifeachtach agus chomh hábhartha agus is féidir. Áirithítear leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha gurb ionann an fhoghlaim a sholáthraítear agus an fhoghlaim a theastaíonn chun gur féidir le hoifigigh a bpost a chur i gcrích go héifeachtach.

Is é ESQF an bunús anois le haghaidh forbairt a dhéanamh ar chláir oiliúna dheimhnithe trínar féidir le hoifigigh thearmainn agus ghlactha cáilíochtaí a bhaint amach. Soláthraítear le ESQF an bonn le haghaidh cur chuige struchtúrtha a ghlacadh i leith oiliúint atá oiriúnach don chuspóir a dhearadh agus a sholáthar. Trí thorthaí na foghlama a shainiú, cumasaítear le ESQF cur chuige atá bunaithe go hiomlán ar thorthaí agus lena gcuirtear an foghlaimeoir ag croílár a (h)aistir foghlama. Is é an aidhm atá le ESQF, mar sin, sainaithint a dhéanamh ar oiliúint ábhartha ar féidir léi conairí agus cláir foghlama a fhorbairt d'oifigigh thearmainn agus ghlactha na mBallstát. Rannchuidítear le ESQF le sainaithint a dhéanamh ar oiliúint atá dírithe ar na riachtanais aonair atá ag foghlaimeoirí agus ar na riachtanais shonracha atá ag a n-eagraíocht araon. Cumasófar le ESQF freisin sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil gá ann le hoiliúint nua a fhorbairt..

Is é is don treoir phraiticiúil seo a mhíniú cad is ESQF ann, conas a úsáideann EUAA é agus conas is féidir le tíortha AE+[3] é a úsáid. Tá an treoir ceaptha chun cabhrú le húsáideoirí tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na feidhmeanna atá ag ESQF mar uirlis phraiticiúil lena dtacaítear le cur chuige atá bunaithe ar thorthaí a chur chun feidhme ar fud an timthrialla oiliúna. Is féidir an treoir a léamh i gcomhar leis na heilimintí eile den phaca faisnéise:

- Mínítear príomhchoincheapa an chreata san eolaí póca Ceisteanna agus Freagraí maidir le ESQF
- Tá meabhrúchán amhairc sna Póstaeir ar an dóigh ar féidir ESQF a úsáid ar fud an timthrialla oiliúna
- San eolaí póca maidir le húsáid phraiticiúil a bhaint as ESQF, tugtar achoimre ar na feidhmeanna praiticiúla atá ag ESQF

[3] Úsáidtear an téarma "tíortha AE+" chun cuimsiú a dhéanamh ar an Iorua, an Eilvéis agus aon Stát eile lena bhfuil comhaontú i bhfeidhm ag EUAA agus dá bhfuil inneachar an doiciméid seo ábhartha

# An scéal atá taobh thiar de ESQF

An chéad chéim de ESQF a fhorbairt ba ea Caighdeáin Ghairme a fhorbairt. Bunaítear sna Caighdeáin Ghairme an t-eolas, na scileanna, an fhreagracht agus an féinriar a theastaíonn ó oifigigh thearmainn agus ghlactha chun a gcuid dualgas agus cúraimí poist a chur i gcrích. Chun caighdeáin ghairme a leagan síos, rinne EUAA, an Mheitheal um Dheimhniú agus Creidiúnú agus na Ballstáit léarscáiliú fairsing ar na dualgais agus na cúraimí atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha. A bhuí leis an léarscáiliú sin, réitíodh an bealach le haghaidh na caighdeáin ghairme a chur i láthair ina maitrís.

An dara céim de ESQF a fhorbairt ba ea maitrís Caighdeán Oideachais a bhunú ar bhonn na gCaighdeán Gairme. I gcomhthéacs ESQF, tugtar caighdeán oideachais ar thoradh foghlama d'oifigigh thearmainn agus ghlactha. Is é is torthaí foghlama ann ráitis ar an méid a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sé ar eolas ag foghlaimeoir, go dtuigfidh foghlaimeoir é agus go mbeidh foghlaimeoir in ann é a dhéanamh ag deireadh an tseichimh foghlama. Ní ábhartha atá torthaí foghlama d'oifigigh thearmainn agus ghlactha ach amháin i gcás inar féidir iad a nascadh le cúraimí a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích agus ina bhfuil siad úsáideach chun na críche sin. Chun na réimsí uile a bhaineann leis an earnáil a chumhdach, fuair an Mheitheal um Dheimhniú agus Creidiúnú tacaíocht ó ghrúpa ad hoc ón Líonra Glactha agus ó shaineolaithe ar Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh agus ar Athlonnú chun a áirithiú go mbeadh ESQF cuimsitheach agus ionadaíoch.

Díríodh in obair eile ar an ailíniú idir na Caighdeáin Ghairme agus na Caighdeáin Oideachais chun teacht ar thorthaí foghlama atá bailí agus ina léirítear leibhéal iomchuí castachta na gcúraimí.

Ag an gcéim dheiridh, bhailíochtaigh na Ballstáit na caighdeáin Ghairme agus Oideachais agus d'athbhreithnigh Grúpa Tagartha iad ina dhiaidh sin, ar ghrúpa é a bhí comhdhéanta d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), an Garda Teorann agus Cósta Eorpach (Frontex) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin don ionchur luachmhar a fuarthas ó shaineolaithe ó ghníomhaireachtaí eile amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop).



# ESQF agus Dearbhú Cáilíochta

Tá bearta láidre á gcur i bhfeidhm ag EUAA chun cáilíocht na hoiliúna a dhearbhú agus é ina aidhm aige go ndéanfar creidiúnú ar an oiliúint a sholáthraíonn sé. Ceann de na ceanglais chreidiúnúcháin is ea go dtagrófaí cláir foghlama in aghaidh creat um cháilíochtaí chun an leibhéal foghlama a chinneadh. Cuirtear an próiseas tagartha i gcrích trí thorthaí foghlama an mhodúil nó an chláir a chur i gcomparáid leis na leibhéil shainithe sa chreat um cháilíochtaí. Is gá é sin a dhéanamh chun soghluaisteacht na foghlama a chumasú, ionas, mar shampla, gur féidir cáilíocht a baineadh amach sa Bheilg a thuiscint go hiomlán agus a chur i gcomparáid le cáilíochtaí a baineadh amach san Fhionlainn nó in aon áit eile san Eoraip.

Ós rud é gur eagraíocht Eorpach seachas eagraíocht náisiúnta é EUAA (agus nach ann, mar sin, d'aon Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí mar phointe tagartha), d'fhorbair sé ESQF agus d'ailínigh sé é leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (EQF). Cé go n-úsáidtear EQF chun Creataí Náisiúnta um Cháilíochtaí agus Creataí Eorpacha um Cháilíochtaí Earnála a chur i gcomparáid lena chéile, ní thagraítear aon oiliúint go díreach do EQF. Is féidir é a úsáid, áfach, mar threoir fhónta le haghaidh leibhéal castachta na hoiliúna a shocrú. Is beart tosaigh é sin, ach is gá é a dhéanamh ar mhaithe le creidiúnú a bhaint amach sa todhchaí.

D'fhorbair Ionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla EUAA Creat Cáilíochta Oiliúna atá ailínithe leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte don Dearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG) 2015. Is féidir na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm maidir leis an ardoideachas ar fad, beag beann ar mhodh an staidéir nó ar áit an tsoláthair, rud a fhágann go bhfuil siad an-infheidhme maidir le soláthar oideachais ar bhonn trasnáisiúnta agus trasteorann.

Tríd is tríd, tá sé mar aidhm leis an ardoideachas roinnt cuspóirí éagsúla a chomhlíonadh; mar shampla, foghlaimeoirí a ullmhú don tsaoránacht ghníomhach, rannchuidiú lena n-infhostaitheacht agus tacú lena bhforbairt phearsanta. Bíonn sé dúshlánach d'institiúidí oideachais a thaispeáint in amanna gur bhain siad na cuspóirí beartaithe sin amach de réir leibhéal áirithe cáilíochta. Aithnítear in ESG gur cheart an próiseas dearbhaithe cáilíochta a bheith oiriúnach do chuspóir na hInstitiúide.

Baineann institiúidí agus gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta úsáid as ESG mar dhoiciméad tagartha le haghaidh córais dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus sheachtracha san ardoideachas. Tá sé in úsáid freisin ag an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR), atá freagrach as an gclár gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a fhéadfaidh iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh ESG. Ní mór do EUAA caighdeáin ESG a chomhlíonadh ina chuid oiliúna má tá sé chun an sprioc a bhaint amach maidir le bheith ina institiúid foghlama chreidiúnaithe.

Tá na forálacha atá in ESG ag teacht leis na treoirlínte dearbhaithe cáilíochta don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint san Eoraip ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), ar treoirlínte iad a bhí ina n-ábhar tagartha riachtanach le linn ESQF a fhorbairt.

Sa chomhthéacs sin, tá níos mó i gceist le ESQF ná creat cáilíochtaí lena gcinntear leibhéal na gcáilíochtaí. Tá sé i gcroílár chreat cáilíochta EUAA freisin. Sainítear ann an cuspóir atá le gníomhaíochtaí foghlama agus oiliúna EUAA. Toradh eile atá air sin is ea go dtugtar treoir agus cúnamh maidir lena chinneadh cén oiliúint a sholáthraítear, agus cén fáth agus cén dóigh a soláthraítear í, agus cén fhoghlaim a éascaítear, agus cén fáth agus cén dóigh a n-éascaítear í.


Agus EUAA ag dul chun cinn chun bheith ina sholáthraí creidiúnaithe oiliúna agus cáilíochtaí, faigheann sé spreagadh ó éiteas phróisis Bologna agus Chóbanhávan agus ó éiteas EQF a mhéid is gur cheart an fhoghlaim a aithint ar bhealach a chuireann le soghluaisteacht an fhoghlaimeora. Ní bheifear in ann déanamh amhlaidh ach amháin i gcás ina ndéanfar a c(h)uid foghlama a aithint agus a urramú ar an aon bhealach amháin ar fud AE. Toisc nach ann do cháilíochtaí atá dírithe go sonrach ar an tearmann agus ar an nglacadh, tá easpa deiseanna aitheantais ann lena bhféadtar cumasú agus éascú a dhéanamh ar na conairí solúbtha foghlaimeora a chuirtear chun cinn in ESG agus a theastaíonn ó bhearta dlúthpháirtíochta AE.

# An Struchtúr atá ar ESQF

Cuirtear pacáiste ESQF i láthair in dhá thábla chomhfhreagracha. Is é atá sa chéad tábla na Caighdeáin Ghairme lena dtuairiscítear, ar ardleibhéal, na cúraimí poist uile atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha. Gabhtar gach cúram sonrach atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha faoi cheann amháin de na Caighdeáin Ghairme. Cuirtear i láthair sa dara tábla na Caighdeáin Oideachais, arb iad na torthaí foghlama ar leibhéal 'cáilíochta' a ailíníonn le EQF iad. Is le ceann amháin de na Caighdeáin Oideachais a bhaineann na torthaí foghlama uile as a dtagann an leibhéal cáilíochta.

Sainítear i gCaighdeáin Ghairme ESQF trí leibhéal castachta a mharcáiltear mar A, B agus C, áit a seasann C don leibhéal is casta. I gcás gach leibhéil chastachta, catagóirítear na caighdeáin mar 'Tá eolas aige/aici orthu seo', 'Tá an cumas aige/aici chun na nithe seo a dhéanamh' agus 'Glacann sé/sí freagracht as na nithe seo a dhéanamh', de réir mar a bhaineann siad leis na cúraimí poist atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha. Léirítear sna rónna den tábla réimse inniúlachta (nó téama/topaic) an chúraim phoist lena mbaineann.

Roinntear na réimsí inniúlachta ina dtrí chuid: inniúlachtaí cineálacha sa tearmann agus sa ghlacadh, inniúlachtaí sonracha sa tearmann agus sa ghlacadh, agus inniúlachtaí maoirseachta agus bainistíochta. Dearadh an struchtúr sin chun a áirithiú nach mbeadh aon chaighdeáin ag forluí ar a chéile. Is inniúlachtaí uileghabhálacha iad na hinniúlachtaí cineálacha sa tearmann agus sa ghlacadh agus tá feidhm acu maidir le cuid mhór cúraimí poist amhail an inniúlacht chineálach 'An Dlí, an Beartas agus na Nósanna Imeachta' toisc, i réimse an tearmainn agus an ghlactha, go ngabhann dlí, beartas nó nós imeachta le gach cúram, beagnach. Mar a luadh thuas, is inniúlachtaí ar leith iad




Déantar crostagairt leanúnach lena áirithiú go mbeidh torthaí foghlama ailínithe le caighdeáin ghairme. I ngach cás, ní mór go mbeifear in ann an cúram poist a chur i gcrích mar thoradh ar an bhfoghlaim shainithe.




na hinniúlachtaí maoirseachta agus bainistíochta toisc go gcuirtear na hinniúlachtaí sin i bhfeidhm ar bhealach atá sonrach don earnáil, cé gur féidir nach bhfuil siad féin sonrach don earnáil.

I gcás nach bhfuil aon chúram poist atá ar oifigigh thearmainn nó ghlactha infheidhme maidir leis an réimse inniúlachta ann, fágtar bán na boscaí sa tábla d'aon turas.

Sainítear i gCaighdeáin Oideachais ESQF trí leibhéal castachta foghlama, a chomhfhreagraíonn do leibhéil 4/5, leibhéal 6 agus leibhéal 7 EQF. Ar gach leibhéal, déantar na cineálacha eolais, scileanna agus freagrachta/féinriar a bhaineann leis an bhfoghlaim a shainiú le torthaí foghlama, i gcás ina dteastaíonn siad chun na Caighdeáin Oideachais a bhaint amach.

Gabhann uimhir thagartha le gach ró sna táblaí agus gabhann litir thagartha le gach cill sa tábla chun go mbeidh sé éasca crostagairt a dhéanamh idir na maitrísí éagsúla agus idir na doiciméid oiliúna agus ESQF.

## ESQF a úsáid le haghaidh Bainistíocht Acmhainní Daonna

Cé gur dearadh ESQF go príomha lena chur i bhfeidhm sa timpeallacht oiliúna, is acmhainní luachmhara le haghaidh feidhmeanna Acmhainní Daonna iad na Caighdeáin Ghairme agus Oideachais a shainítear ann. Mar gheall ar an dlúthchaidreamh idir earcaíocht/roghnú agus oiliúint tosaigh, agus dul chun cinn/ardú céime agus forbairt ghairmiúil, is uirlis luachmhar bainistíochta Acmhainní Daonna é ESQF.

Agus róil agus freagrachtaí foirne á sainiú, is féidir leas a bhaint as na Caighdeáin Ghairme agus, go háirithe, as na caighdeáin faoin teideal 'Glacann sé/sí freagracht as na nithe seo a dhéanamh' chun bonn eolais a chur faoi chinntí agus gníomhartha bainistíochta Acmhainní Daonna. Ina theannta sin, is féidir le baill foirne na sainithe sin a úsáid chun gabháil go gníomhach dá bhforbairt féin ar mhaithe le spriocanna forbartha gairmiúla pearsanta a bhaint amach i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil.

# Conas ESQF a úsáid laistigh den Timthriall Oiliúna

Struchtúr úsáideach le haghaidh breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phacáiste ESQF do EUAA agus do thíortha AE+ is ea an timthriall oiliúna, mar atá anailís ar riachtanais, dearadh/forbairt, cur chun feidhme agus meastóireacht.

## Anailís Riachtanas Oiliúna

Is féidir ESQF a úsáid le linn duit d'anailís riachtanas oiliúna a dhéanamh. Tá raon samhlacha ar fáil le haghaidh anailísí riachtanas oiliúna a dhéanamh. Is féidir modheolaíocht anailíse riachtanas oiliúna a bheith dírithe ar leibhéal an chúraim, ar leibhéal an duine aonair nó ar leibhéal na heagraíochta. Cé go bhfuil sé measartha simplí ESQF a úsáid le haghaidh anailísí riachtanas oiliúna a dhéanamh ar leibhéal an chúraim agus ar leibhéal an duine aonair, tá ESQF oiriúnach go háirithe d'anailísí riachtanas oiliúna a threorú ar leibhéal na heagraíochta.

### Anailís Riachtanas Oiliúna ar Leibhéal an Chúraim

In anailís ar leibhéal an chúraim, dírítear ar eolas agus cumas an duine a chur i gcomparáid leis an eolas agus na scileanna sainaitheanta a theastaíonn uaidh/uaithi chun cúraimí sonracha a chur i gcrích.

Is ann do mhodhanna éagsúla, a bhfuil na tréithe seo a leanas acu go léir:

- An t-eolas agus na scileanna atá ag baill foirne cheana a thomhas agus bearnaí san eolas agus sna scileanna atá acu a shainaithint, ar bearnaí iad is gá a líonadh tríd an oiliúint
- An curaclam oiliúna atá ann cheana a léarscáiliú
- Soláthar nó dearadh na hoiliúna a phleanáil chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh

Is í an chomhpháirt is tábhachtaí den mhodh an dóigh a dtomhaistear, ar bhealach fiúntach, an difríocht idir an t-eolas agus na scileanna atá ann cheana agus riachtanais. Tugtar in ESQF an fhaisnéis a theastaíonn chun anailís riachtanas oiliúna a dhéanamh ar leibhéal an chúraim, toisc go sainítear sna Caighdeáin Ghairme na cúraimí atá ábhartha d'oifigigh thearmainn agus ghlactha, agus go n-eagraítear iad dá réir, agus toisc gur féidir na Caighdeáin Oideachais a úsáid chun rogha na hoiliúna a threorú.

### Anailís Riachtanas Oiliúna ar Leibhéal an Duine Aonair

In anailís riachtanas oiliúna pearsanta, dírítear ar riachtanais foghlama/oiliúna a shainaithint ar leibhéal an duine aonair i gcomhthéacs a (h)imscartha reatha agus a (h)imscartha amach anseo. I struchtúr an mheasúnaithe, bhainfí leas as na Caighdeáin Ghairme chun riachtanais foghlama a bhunú agus chun cinntí a threorú maidir leis an gcineál foghlama a theastaíonn ar leibhéal an duine aonair chun





tacú le forbairt an duine aonair. Má shainaithnítear go bhfuil riachtanais chomhchosúla ag roinnt ball foirne, beifear in ann an fhaisnéis sin a úsáid ansin chun cláir oiliúna foirne nó cláir foghlama foirne a chinneadh de réir mar is gá.

Is féidir le tíortha AE+ úsáid a bhaint as ESQF chun a n-anailís riachtanas oiliúna féin a dhéanamh ar leibhéal an duine aonair chun bonn eolais a chur faoi straitéisí agus bainistíocht oiliúna. D'fhéadfadh na Ballstáit an-leas a bhaint as Uirlis Measúnaithe Riachtanas Oiliúna EUAA le linn dóibh anailís riachtanas oiliúna a dhéanamh ar leibhéal an duine aonair.

**Freagairt do riachtanais oiliúna níos éagsúla**

Cabhraíodh le raon níos leithne eispéireas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí mar gheall ar an rochtain níos leithne atá ann ar an oideachas. Nuair atáthar ag freagairt don éagsúlacht agus d'ionchais mhéadaitheacha, ba cheart leas a bhaint as cur chuige níos foghlaimeoirlárnaí i leith na foghlama agus na hoiliúna, ar cur chuige é lena nglactar le conairí foghlama solúbtha agus lena n-aithnítear inniúlachtaí a gnóthaíodh lasmuigh de churaclaim fhoirmiúla (ESG). Is féidir ESQF a úsáid chun foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim ó thaithí a léarscáiliú agus chun foghlaimeoirí a chumasú 'iad féin a shuí' chun gur féidir leo teacht ar chonair foghlama oiriúnaithe.

## Anailís Riachtanas Oiliúna ar Leibhéal na hEagraíochta

Anailís riachtanas oiliúna ar leibhéal na heagraíochta, dírítear ar an dóigh ar féidir spriocanna na heagraíochta a bhaint amach agus sainorduithe a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Le linn na hanailíse, cuirtear comhleanúnachas straitéis agus phleananna na heagraíochta i gcomparáid leis an straitéis oiliúna agus le pleananna oiliúna amach anseo. Is féidir leis na Ballstáit ESQF a úsáid chun straitéisí agus pleananna a n-eagraíochta a ailíniú lena straitéis oiliúna. Faoi mar a tharlaíonn i gcás chur chun feidhme comhchuibhithe CEAS, is amhlaidh, má bhaineann Ballstáit úsáid as na caighdeáin Eorpacha chéanna (caighdeáin ghairme agus caighdeáin oideachais) a mbaintear úsáid astu i mBallstáit eile, go gcuirfear le cóineasú méadaithe a bhaint amach ar fud na mBallstát i réimse na gcleachtas tearmainn agus glactha, toisc go mbeidh torthaí á dtomhas acu i gcomparáid leis an aon tacar caighdeán amháin.

Is féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as ESQF le linn dóibh anailís riachtanas oiliúna náisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear conairí foghlama a thógáil agus bearnaí oiliúna a shainaithint i réimsí inar féidir go mbeidh údaráis náisiúnta ag iarraidh a n-oiliúint féin a fhorbairt. Is féidir ESQF a úsáid freisin chun tacú le córais náisiúnta oiliúna in earnáil an tearmainn agus an ghlactha a ailíniú leis an gcreat náisiúnta um cháilíochtaí. Leis sin, áiritheofar cáilíocht na gcóras náisiúnta oiliúna. Faoi mar atá ESQF ag croílár chreat cáilíochta EUAA, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as sainiú na gcaighdeán gairme, agus as sainiú na foghlama a theastaíonn chun na caighdeáin sin a bhaint amach, chun bonn eolais a chur faoina straitéisí oiliúna. Ós rud é go sainítear in ESQF an cuspóir atá le hoiliúint EUAA, is féidir leis na Ballstáit é a úsáid freisin lena sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil a ngníomhaíochtaí foghlama agus oiliúna féin oiriúnach don chuspóir. Is féidir treoir agus cúnamh a fháil ó ESQF maidir lena chinneadh cén oiliúint a sholáthraítear, agus cén fáth agus cén dóigh a soláthraítear í, agus cén fhoghlaim a éascaítear, agus cén fáth agus cén dóigh a n-éascaítear í, ar leibhéal náisiúnta.

## Anailís Riachtanas Oiliúna ar Leibhéal Eorpach

Is féidir go mbeifear in ann ESQF a úsáid chun cabhrú le sainaithint a dhéanamh ar riachtanais oiliúna nach bhfuil sé indéanta freastal orthu ar bhonn náisiúnta mar gheall ar an líon beag foghlaimeoirí féideartha atá i gceist. Is féidir go mbeidh údar ann, mar sin, le hoiliúint a sholáthar ar leibhéal Eorpach (e.g. oiliúint a sholáthraíonn oiliúnóirí EUAA go díreach í). Bainfidh EUAA úsáid as ESQF mar threoir chun oiliúint a fhorbairt ar an mbealach is éifeachtaí, agus é á áirithiú go mbeidh an oiliúint úsáideach do líon mór oifigeach tearmainn agus glactha. D'fhéadfaí sineirgí oiliúna leis na straitéisí oiliúna de chuid ghníomhaireachtaí eile AE a iniúchadh freisin i gcás ina sainaithneofar go bhfuil na Caighdeáin Ghairme lena mbaineann cosúil lena chéile.

# Uirlis Anailíse Riachtanas Oiliúna EUAA
## – feidhmiú praiticiúil ar ESQF

**Tá Uirlis Anailíse Riachtanas Oiliúna á forbairt ag EUAA, rud lena gcuirtear le ESQF, chun oiliúint a mholadh atá dírithe ar riachtanais shonracha na mBallstát**

## An uirlis a úsáid

1. Sainaithníonn úsáideoirí a gcuid dualgas agus cúraimí ó liosta cuimsitheach a dhíorthaítear ó ESQF.
2. 'Scóráiltear' na dualgais agus na cúraimí roghnaithe ar scála aistritheach, bunaithe ar a minicíocht agus ar a n-ábharthacht.
3. Leis an uirlis, meaitseáiltear na dualgais agus na cúraimí roghnaithe le torthaí foghlama a ghabhann le modúil an Churaclaim Eorpaigh um Thearmann agus soláthraítear liosta modúl molta. Rangaítear na modúil in ord tábhachta, bunaithe ar an minicíocht agus ar an ábharthacht a léirítear.
4. Is féidir leis an úsáideoir a fheiceáil cá mhéad ceann de na torthaí foghlama do gach modúl molta atá meaitseáilte leis na dualgais agus na cúraimí tosaigh.
5. Soláthraítear naisc chuig faisnéis níos mionsonraithe faoi na modúil. Áirítear leis an bhfaisnéis sin na deiseanna atá ann le haghaidh réamhfhoghlaim a aithint.
6. Is féidir leis an úsáideoir torthaí ar roinnt cuardach a shábháil (tá leagan inphriontáilte ar fáil).
7. Bunaithe ar na torthaí, is féidir leis an úsáideoir iarraidh a chur isteach chun clárú do mhodúl sonrach agus cláir oiliúna amach anseo a phleanáil.

# Sprioc-úsáideoirí



Is féidir leis na daoine seo a leanas an uirlis a úsáid:

- Pearsana Acmhainní Daonna i riaracháin tearmainn agus ghlactha náisiúnta, ag gníomhú dóibh thar ceann a gcuid oifigeach, go háirithe nuair atá siad ag iarraidh cláir oiliúna chuimsitheacha a fhorbairt nó cúraimí a gcuid oifigeach a léarscáiliú agus a chatagóiriú.
- Oifigigh thearmainn agus ghlactha, chun an chonair foghlama is oiriúnaí dóibh a shainaithint, chun a riachtanais oiliúna forbartha gairmiúla féin a shainaithint nó chun oiliúint a iarraidh nuair a thagann athrú ar a gcuid dualgas agus cúraimí.
- Bainisteoirí atá ag iarraidh anailísí riachtanas oiliúna críochnúla agus mionsonraithe a dhéanamh agus an oiliúint iomchuí a chur chun feidhme.

# Bearnaí a shainaithint san oiliúint atá ar fáil

- Tríd an uirlis a úsáid, is féidir le riaracháin na mBallstát sainaithint a dhéanamh ar an oiliúint bheacht ba cheart dá gcuid oifigeach a fháil chun gur féidir leo a gcuid cúraimí a chur i gcrích go héifeachtúil agus ar aon dul le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS).
- Éascófar leis an uirlis cumarsáid níos cuíchóirithe idir EUAA agus na Ballstáit, toisc go gcuirfear ar a gcumas do na hoifigigh agus dá riaracháin na riachtanais oiliúna atá acu féin a shainaithint ar bhealach comhchosúil, comhsheasmhach agus na riachtanais sin a chur in iúl do EUAA, agus éifeachtúlacht á méadú dá bharr sin.
- Más rud é go sainaithneoidh siad réimsí nach bhfuil aon oiliúint iomchuí beartaithe iontu agus gur féidir a shuí gur cheart aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin san oiliúint, beidh EUAA nó an riarachán náisiúnta in ann oiliúint a dhearadh dá réir sin.
- Is féidir an uirlis a úsáid mar chuid de mhodh anailíse riachtanas oiliúna níos cuimsithí freisin.
- Le hUirlis Anailíse Riachtanas Oiliúna EASO, tugtar deis do riaracháin tearmainn agus ghlactha na mBallstát cúraimí a gcuid oifigeach féin a léarscáiliú agus iad a chur i gcomparáid leis an mór-Chreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha.

## Oiliúint a Dhearadh agus a Fhorbairt


Tá ESQF ina uirlis ríthábhachtach cheana féin le haghaidh oiliúint EUAA agus cláir foghlama EUAA a dhearadh agus a fhorbairt. Mar sin féin, forbraíodh ESQF i gcomhar leis na Ballstáit ionas go bhféadfadh na Ballstáit é a úsáid chun a n-oiliúint féin a dhearadh agus a fhorbairt. Dá bhrí sin, is féidir an méid seo a leanas ar fad a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs náisiúnta.

### Cur chuige ó bhun aníos a ghlacadh i leith oiliúint a dhearadh

Tá an ghairmoiliúint deartha chun freastal ar riachtanais ghairme, idir na riachtanais atá ag fostóirí agus na riachtanais atá ag fostaithe de réir mar a phleanálann siad a gconair forbartha gairmiúla amach anseo. Le ESQF, treoraítear an próiseas deartha oiliúna trína áirithiú nach mbainfidh an oiliúint sin ach amháin leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Luaitear i straitéis oiliúna EUAA, atá ag teacht le próisis Bologna agus Chóbanhávan, go mbeidh an oiliúint ar fad dírithe ar fhoghlaimeoirí agus go saineofar í le torthaí foghlama, rud atá ar cheann de na príomhchritéir le haghaidh creidiúnú a bhaint amach freisin. Luaitear in ESG gurb amhlaidh, nuair a dheartar cláir, go gcuirtear cuspóirí cláir foriomlána leo atá ar aon dul leis an straitéis institiúideach agus a bhfuil torthaí foghlama sainráite beartaithe ag baint leo. Luaitear go soiléir sna caighdeáin freisin gur cheart aon cháilíocht a ghnóthaítear ó chlár a shonrú agus a chur in iúl go soiléir agus gur cheart tagairt a dhéanamh don leibhéal ceart foghlama a bhaineann léi. Chinn EUAA na leibhéil ar ESQF trí dhlúth-thagairt a dhéanamh do EQF. Is féidir leis na Ballstáit a gcuid oiliúna a ailíniú le ESQF (agus, ar an mbealach sin, le EQF) freisin, rud a éascaíonn ailíniú lena gcreat náisiúnta um cháilíochtaí.

Mar a tuairiscíodh thuas, is de réir ‘leibhéal cáilíochta’ a shocraítear ESQF; is é sin an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis go mbainfear amach é tar éis clár staidéir chreidiúnaithe. Tá éagsúlacht ann maidir le fad íosta na gclár creidiúnaithe in AE, áit a gcreidiúnaíonn roinnt tíortha cláir 30 creidiúint faoin gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) (600 uair an chloig ar a laghad den fhoghlaim) agus áit nach gcreidiúnaíonn tíortha eile ach cláir 60 creidiúint. Mar sin, tá méid suntasach foghlama i gceist le torthaí foghlama ar leibhéal cáilíochta. Is dóigh go ndearfar modúil nó cúrsaí oiliúna aonair chun sciar de Chaighdeán Oideachais, mar a thuairiscítear in ESQF, a bhaint amach, seachas chun an Caighdeán Oideachais ar fad a bhaint amach. Sa toradh foghlama gaolmhar a bheidh ag baint leis ina dhiaidh sin, léireofar sciar atá sainithe go soiléir de na Caighdeáin Oideachais in ESQF freisin. .



## Torthaí foghlama modúlacha agus leibhéal na foghlama sna modúil a shainiú

Tagann na torthaí foghlama modúil as torthaí foghlama níos airde (Caighdeáin Oideachais) a forbraíodh chun raon fochúraimí a léiriú, ar fochúraimí iad a chumhdaítear le Caighdeáin Ghairme uileghabhálacha. Cé gur féidir nach mbeidh na fochúraimí sin le feiceáil in ESQF, is amhlaidh gur shainaithin EUAA agus na Ballstáit go han-chúramach iad. Comhtháthaíodh iad in Uirlis Measúnaithe Riachtanas Oiliúna EUAA (féach thuas).Táthar ag coinne leis go dtarlóidh sé, le himeacht ama, go mbeidh foghlaimeoir in ann staidéar a dhéanamh ar shraith modúl dá bhfuil clár comhdhéanta agus torthaí foghlama atá ailínithe ar leibhéal ESQF a bhaint amach ina n-iomláine.

I gcás ina sainítear toradh foghlama, is gá leibhéal an toraidh a chinneadh. Déantar é sin tríd an toradh foghlama a chur i gcomparáid leis na Caighdeáin Oideachais sa réimse foghlama céanna de ESQF. Má cheaptar toradh foghlama chun foghlaimeoirí a ullmhú do Chaighdeán Gairme ar leibhéal B a chomhlíonadh, ba cheart é a chur i gcomparáid leis na Caighdeáin Oideachais ghaolmhara ar leibhéal 6. Má tá an toradh foghlama níos casta ná Caighdeán Oideachais ar Leibhéal 5 ESQF, ba cheart é a shainaithint mar thoradh foghlama leibhéal 6. Má tá an toradh foghlama chomh casta céanna le Caighdeán Oideachais ar Leibhéal 5 ESQF, nó mura bhfuil sé chomh casta céanna leis, ba cheart é a shainaithint mar thoradh foghlama leibhéal 5. Toisc go bhfuil na cineálacha foghlama go léir (eolas / scileanna / freagracht agus féinriar) cothrom lena chéile, ba cheart a thabhairt faoi deara arís anseo go gcinntear castacht ar bhonn leithead/raon agus dhoimhneacht na foghlama, seachas ar bhonn an chineáil foghlama. Dá bhrí sin, cé gur féidir go gcuimseoidh modúl torthaí foghlama áirithe arb airde a leibhéal, nó arb ísle a leibhéal, ná an leibhéal luaite don mhodúl, ríomhfar leibhéal foriomlán an mhodúil ar bhonn an leibhéil ag a ndéantar an chuid is mó den fhoghlaim.

Tar éis na torthaí foghlama a dhréachtú, agus sula dtabharfar chun críche iad, ba cheart na treoirlínte foirmiúla measúnaithe agus marcála a dhearadh chun a áirithiú gur féidir na torthaí foghlama luaite a mheasúnú ar bhealach cothrom láidir. Agus breithniú á dhéanamh acu ar an gcineál measúnuithe a dhéanfar, ba cheart do dhearthóirí oiliúna breathnú ar na cúraimí poist a dhíorthaítear ó ESQF chun measúnuithe a dhearadh atá chomh dílis agus is féidir (a mhéid is indéanta) don chúram gairme. Má bhaineann an cúram poist le tuarascáil a scríobh, is í tuarascáil, seachas aiste, ba cheart a mheasúnú. Má bhaineann an cúram poist le táscairí leochaileachta a aithint, is é sin an gníomh ba cheart a mheasúnú. Ina lán cásanna, is í timpeallacht foghlama obairbhunaithe an suíomh is fearr le haghaidh scileanna praiticiúla a mheasúnú agus/nó le haghaidh a mheasúnú cé acu a baineadh nó nár baineadh an leibhéal riachtanach freagrachta agus féinriar amach.

## Oiliúint a Fhorbairt

A luaithe a chuirfear dearadh na hoiliúna i gcrích – is é sin le rá, cúraimí poist, torthaí foghlama, straitéisí measúnaithe agus foghlama, measúnuithe samplacha agus critéir mharcála a shainiú – cuirfear tús leis an oiliúint a fhorbairt.

Is é atá i gceist le hoiliúint a fhorbairt teacht ar na gníomhaíochtaí foghlama lena n-éascófar aistear an fhoghlaimeora ó na ceanglais iontrála chuig na torthaí foghlama ar bhealach a fhágann go mbeidh sé/sí ullamh don mheasúnú foirmiúil.

Is é an dúshlán a bhaineann le hoiliúint a fhorbairt a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí foghlama bainteach go díreach leis na torthaí foghlama agus na measúnuithe a ceapadh sa phróiseas deartha agus nach n-imeoidh siad ar strae isteach in inneachar eile foghlama. Toisc go bhfuil an oiliúint ina hacmhainn luachmhar chostasach do gach eagraíocht, tá sé tábhachtach go mbeadh sé mar aidhm léi an fhoghlaim shonrach a shainítear agus a theastaíonn a bhaint amach. Is féidir ESQF a bheith an-úsáideach ina leith sin.

Léirítear in ESQF an fhoghlaim a theastaíonn do chúraimí de réir catagóire, de réir leibhéal castachta agus de réir cineál foghlama. Maidir leis na cúraimí poist ar dearadh an oiliúint dóibh agus na torthaí foghlama comhfhreagracha i ndearadh an chúrsa, beidh siad bunaithe ar na hinniúlachtaí atá sonrach don phost (Caighdeáin Ghairme) agus ar na torthaí foghlama ar leibhéal cáilíochta (Caighdeáin Oideachais) atá in ESQF. Ba cheart cur amach a bheith ag forbróir an mhodúil ar struchtúr agus inneachar ESQF ar fad agus, go háirithe, ar na réimsí foghlama uile a bhaineann go dlúth leis an ábhar atá á fhorbairt, chun a áirithiú go dtuigeann sé/sí teorainneacha an mhodúil. Ní hé amháin go gcumhdaíonn na teorainneacha sin an topaic nó an t-ábhar, ach cumhdaíonn siad an cineál foghlama agus leibhéal castachta na foghlama freisin.

## Forluí a sheachaint

Botún a dhéantar go minic is ea inneachar oiliúna forlíontach a fhorbairt chun inneachar ‘a athbhreithniú’ ó réimsí eile. Más ann don inneachar i modúil oiliúna eile cheana féin, is éifeachtúla fós a sheiceáil cé acu is féidir nó nach féidir leis an bhfoghlaimeoir a thaispeáint gur bhain sé/sí an t-eolas réamhriachtanach nó na scileanna réamhriachtanacha sin amach trína léiriú gur chuir sé/sí oiliúint i gcrích go rathúil nó trí réamhfhoghlaim a aithint. Ba cheart don fhorbróir tagairt iomchuí a dhéanamh don ábhar atá ann cheana, gan é a dhéanamh arís. Mar an gcéanna, ba cheart don fhorbróir a chur in iúl go bhfuil inneachar níos casta thar raon feidhme an mhodúil atá i gceist.

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh forbróirí inneachair athbhreithniú ar leibhéal castachta thorthaí foghlama an mhodúil atá á fhorbairt agus go socródh siad an t-inneachar de réir an leibhéil shainithe. Ba cheart d'fhorbróirí breathnú ar ESQF agus tuiscint shoiléir a bheith acu ar an leibhéal castachta os cionn na dtorthaí modúil sainithe, agus faoina mbun, chun a áirithiú nach bhfuil an t-inneachar róshimplí ná róchasta.

Is mór idir foghlaim obairbhunaithe a fhorbairt agus foghlaim ar líne nó foghlaim aghaidh ar aghaidh a fhorbairt. Mar sin féin, tá an méid sin ag brath go fóill ar an bhfoghlaim a bheith bainteach go sonrach leis na cúraimí poist sonracha agus na torthaí foghlama sonracha a sainíodh le linn an phróisis deartha oiliúna. Teastaíonn ón bhfoghlaim chreidiúnaithe obairbhunaithe go fóill curaclam gníomhaíochtaí foghlama a sheoltar san áit oibre. Ba cheart uirlisí agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun gur féidir leo faireachán agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama sonrach trína mbainfidh siad na torthaí foghlama agus measúnú suimitheach amach ar deireadh.

Maidir leis na cúraimí measúnaithe uile (idir mheasúnú foirmitheach agus mheasúnú suimitheach), ba cheart an t-inneachar foghlama ar fad a chumhdach iontu, ba cheart iad a bheith dílis don chúram poist agus ba cheart iad a shocrú ag an leibhéal castachta a léirítear sna torthaí foghlama don mheasúnú. Is féidir ESQF a úsáid go han-éifeachtach chun críocha crostagartha ar mhaithe le dílseacht an mheasúnaithe a áirithiú.

# Cur Chun Feidhme/Soláthar

Is féidir ról tábhachtach a bheith ag ESQF maidir le hoiliúint a chur chun feidhme toisc gur féidir é a úsáid chun soláthar a fheabhsú trí na gníomhaíochtaí a nascadh leis na cúraimí sonracha a dhéantar i gcomhthéacs náisiúnta ar mhaithe le fíor-ghairmoiliúint atá an-ábhartha don fhoghlaimeoir a bhaint amach.

## ESQF a úsáid mar uirlis le haghaidh oiliúnóirí

Is é an ról atá ag an oiliúnóir braistint féinriar a spreagadh san fhoghlaimeoir, á áirithiú ag an am céanna go dtugtar treoir agus tacaíocht leordhóthanach chun na torthaí foghlama luaite a bhaint amach. Cosúil le dearthóirí agus forbróirí, ní mór don oiliúnóir tuiscint an-soiléir a bheith aige/aici ar theorainneacha na modúl a sholáthraíonn sé/sí. Ba cheart don oiliúnóir bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- An t-eolas agus na scileanna a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad ag foghlaimeoirí cheana, mar a shainítear sna ceanglais iontrála agus sna torthaí foghlama in aon fhoghlaim réamhriachtanach. Tugtar dea-léargas foriomlán air sin sna Caighdeáin Oideachais;
- Na cúraimí poist sonracha a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an foghlaimeoir in ann iad a chur i gcrích tráth chríochnú rathúil na foghlama dó/di. Is féidir na Caighdeáin Ghairme a úsáid mar bhonn eolais ina leith sin;

### ESQF A ÚSÁID MAR UIRLIS LE HAGHAIDH FOGHLAIMEOIRÍ

Tá foghlaimeoirí ag croílár ESQF agus is féidir leo é a úsáid freisin. Trí rochtain dhíreach a bheith ag foghlaimeoir ar ESQF, cumasaítear dó/di machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ar fad a bhain sé/sí amach ar fud a g(h)airme cheana féin trí mhodhanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Is féidir leis an gcineál faisnéise sin foghlaimeoirí a spreagadh gabháil d'fhoghlaim bhreise agus freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhforbairt foghlama. Is é sin an rud a leagtar síos go díreach in ESG, agus is bunchloch do ESQF é freisin. Chun oiliúint iomchuí a aimsiú, is féidir leo breathnú freisin ar Chatalóg an Churaclaim Eorpaigh Tearmainn, ina dtugtar forbhreathnú ar na modúil uile a sholáthraíonn EUAA. Is féidir leo an Chatalóg a úsáid freisin chun an oiliúint náisiúnta is iomchuí a aimsiú.

Mar gheall ar chineál feidhmeach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí Earnála (i gcodarsnacht le Creat Náisiúnta um Cháilíochtaí agus le EQF), cumasaítear don fhoghlaimeoir na cineálacha foghlama (idir fhoghlaim fhoirmiúil agus fhoghlaim ó thaithí) ar thug sé/sí fúthu go dtí seo agus castacht na foghlama sin a aithint. Is féidir leis an bhfaisnéis sin (i dteannta faisnéis thrédhearcach faoi nósanna imeachta um réamhfhoghlaim a aithint, treoirlínte measúnaithe, rúibricí marcála agus samplaí measúnaithe) muinín a thabhairt don fhoghlaimeoir as a g(h)nóthachtáil foghlama agus is féidir go spreagfar é/í aitheantas dá c(h)uid foghlama a lorg trí mheasúnuithe.



- Na torthaí foghlama sonracha don mhodúl, lena n-áirítear an leibhéal castachta agus na teorainneacha idir leibhéil níos ísle agus leibhéil níos airde. Is féidir iad sin a chrostagairt le ESQF;
- An cineál sonrach foghlama a theastaíonn do na cúraimí poist agus don fhoghlaim (eolas, scileanna, freagracht/féinriar, nó meascán díobh, mar a léirítear sna torthaí foghlama). Ailíníonn siad sin leis na cineálacha foghlama a shainaithnítear in ESQF;
- An caidreamh idir an fhoghlaim sa mhodúl reatha agus an fhoghlaim shainithe i modúil ghaolmhara i gconair foghlama, a fhágann gur féidir tagairt iomchuí a dhéanamh d'fhoghlaim eile gan dul ar strae isteach i dtorthaí na foghlama sin. Bheadh oiliúnóir in agallóireacht, mar shampla, ag iarraidh a áirithiú go dtuigeann an foghlaimeoir conas straitéis ceistiúcháin a dhéanamh ábhartha dá fháil amach cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais le haghaidh cosaint idirnáisiúnta. Ina ainneoin sin, níor cheart don oiliúnóir inneachar atá i modúil ghaolmhara amhail Cuimsiú nó Measúnú Fianaise a athdhéanamh ná a úsáid.

Cé nach gá don oiliúnóir tagairt ghníomhach a dhéanamh do ESQF, is amhlaidh leis an gcreat go gcuirtear é/í ar an eolas faoi na saincheisteanna thuas. Is féidir leis an oiliúnóir é a úsáid chun cabhrú leis/léi an t-eispéireas foghlama a bhainistiú freisin. Mar shampla, tagann saincheisteanna i ndáil le castacht na foghlama aníos uaireanta. Cuireann an foghlaimeoir ceist shimplí faoi thopaic ba cheart a bheith cumhdaithe cheana féin i bhfoghlaim a bhí ina réamhriachtanas don oiliúint nó cuireann an foghlaimeoir ceist an-chasta a chumhdaítear



in oiliúint ag leibhéal níos airde. Má tá an t-oiliúnóir ar an eolas faoi na 'teorainneacha' atá leis an oiliúint ar leith atá á soláthar, is féidir leis/léi a chur in iúl do na foghlaimeoirí nach dtagann na ceisteanna faoi raon feidhme na hoiliúna lena mbaineann agus iad a atreorú ansin chuig áit a bhféadfadh siad na freagraí a fháil. Cabhraíonn sé sin leis an staid oiliúna a bhainistiú go héifeachtach agus chun tairbhe do na foghlaimeoirí uile sa seisiún.

## An Dearcadh Cur Chun Feidhme

Tá an próiseas cur chun feidhme a sheoltar mar chuid den timthriall oiliúna ina choincheap atá i bhfad níos leithne i gcás EUAA mar ghníomhaireacht AE ná mar atá sé i gcás eagraíochtaí aonair a dhéanann anailís riachtanas, a shainaithníonn bearnaí, a dhearann foghlaim chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí, a sholáthraíonn oiliúint agus a dhéanann meastóireacht ansin. Go bunúsach, déanann EUAA comhordú ar an oiliúint a sholáthraítear chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí foghlama ar fud an Aontais, in oibríochtaí agus i dtríú tíortha. Cé go sainaithnítear riachtanais oiliúna i dtús an timthrialla, is dúshlánach an rud é riachtanais a chothromú le hacmhainní le linn oiliúint a chur chun feidhme.

Is é an Creat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil an teideal iomlán ar EQF; agus ceann amháin de na croí-aidhmeanna atá le EQF agus le creataí um cháilíochtaí is ea an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus a spreagadh. Baineann an prionsabal céanna le ESQF. Tá sé sin lán-chomhsheasmhach leis an sainordú atá ag EUAA i dtaobh leas a bhaint as an oiliúint mar uirlis le haghaidh cur chun feidhme comhchuibhithe a dhéanamh ar CEAS. Tá forbairt ghairmiúil ina cuid dhílis de sin agus ba cheart í a chur chun cinn, a spreagadh agus a aithint.

Chun tacú le prionsabal na forbartha gairmiúla i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil, is gá deiseanna suntasacha le haghaidh foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint a chur san áireamh agus riachtanais oiliúna á bpleanáil. Teastóidh na nithe seo a leanas chun é sin a dhéanamh:

- Deiseanna le haghaidh measúnuithe Aitheantais Réamhfhoghlama, ar deiseanna iad is féidir le EUAA a sceidealú le tacaíocht ó na Ballstáit
- Gníomhaíochtaí le haghaidh rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a spreagadh i ndeiseanna aitheantais réamhfhoghlama
- Faisnéis d'fhoghlaimeoirí faoi phróisis aitheantais réamhfhoghlama (lena n-áirítear cad a tharlóidh i gcás ina dteipfidh ar fhoghlaimeoir) agus faoi fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil, ar faisnéis í atá scríofa i dteanga neamhacadúil
- Deiseanna le haghaidh measúnuithe aitheantais réamhfhoghlama a dhéanamh ar chonairí foghlama, i gcás inar gá. Dá bhrí sin, ba cheart measúnuithe aitheantais réamhfhoghlama a sceidealú ar bhealach a chumasaíonn d'fhoghlaimeoirí bogadh i dtreo sraith modúl a chríochnú a bhféadfadh gurbh í cáilíocht an toradh a bheadh orthu
- Acmhainní le haghaidh measúnuithe a ghrádú

Féachann EUAA le leibhéil leathana rochtana a éascú ar phróisis aitheantais réamhfhoghlama trí dheiseanna aitheantais réamhfhoghlama a sceidealú go córasach agus trína chinntiú go bhfoilseofar na deiseanna sin tamall maith roimh ré ionas gur féidir le foghlaimeoirí pleanáil agus ullmhú.

Tar éis dóibh gabháil do phróisis aitheantais réamhfhoghlama, ba cheart d'fhoghlaimeoirí bheith ar an eolas faoi chonairí eile lena gcumasaítear foghlaim sholúbtha agus lena n-áirithítear dul chun cinn na foghlama. Beidh Uirlis Anailíse Riachtanas Oiliúna EASO an-úsáideach ina leith sin. Leis an uirlis, tugtar d'fhoghlaimeoirí sásra simplí trínar féidir leo gabháil d o ESQF chun machnamh a dhéanamh ar a ngnóthachtáil foghlama neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil féin.

**Is bonn eolais faoi fhoghlaim obairbhunaithe é ESQF**

Is ann do líon suntasach scileanna agus torthaí foghlama 'freagrachta agus féinriar' ar gá tabhairt faoi fhoghlaim obairbhunaithe ina leith chun gur féidir iad a bhaint amach agus measúnú éifeachtach a dhéanamh orthu.

Is féidir ESQF a úsáid i bhfoghlaim agus cóitseáil obairbhunaithe chun foghlaim scileanna agus foghlaim atá bunaithe ar fhreagracht agus féinriar a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú. Tá foghlaim obairbhunaithe ina comhpháirt lárnach den ghairmoiliúint.

Glactar go coiteann leis gur samhail láidir í foghlaim trí ghníomhaíocht. Príomhchuid den eispéireas foghlama is ea an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm an fhoghlaim nua a ghnóthaítear ó chúrsa oiliúna san áit oibre. Ba cheart tacaíocht dhóthanach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí tar éis na hoiliúna, rud a fhágann gur cheart foghlaim obairbhunaithe a fhorbairt chomh leathan agus is féidir agus gur cheart deiseanna cóitseála a iniúchadh.

## Meastóireacht

Leagtar amach in ESG go n-áirítear an mheastóireacht ar na nithe seo a leanas le príomhcheanglais na meastóireachta oiliúna:

- Inneachar an chláir i bhfianaise an taighde is déanaí sa disciplín lena mbaineann, á bhailíochtú go bhfuil an clár cothrom le dáta;
- Riachtanais athraitheacha na sochaí, mar atá riachtanais athraitheacha earnáil an tearmainn agus an ghlactha sa chás seo;
- Ualach oibre, dul chun cinn agus ráta críochnaithe na mac léinn;
- Éifeachtacht na nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh mic léinn a mheasúnú;
- Ionchais, riachtanais agus sásamh na mac léinn i ndáil leis an gclár;
- An timpeallacht foghlama agus na seirbhísí tacaíochta agus oiriúnacht na timpeallachta agus na seirbhísí sin do chuspóir an chláir.

Cé nach féidir meastóireacht a dhéanamh ar na réimsí uile sin i gcónaí, ar ndóigh, tá sé tábhachtach go ndéanfaí meastóireacht chórasach orthu go léir. Tá impleachtaí ag roinnt de na réimsí sin do ESQF, rud nach mór a chur faoi réir meastóireachta go fóill.

Amhail i gcás anailísí riachtanas, tá modhanna difriúla meastóireachta ar fáil. Leanann a bhformhór timthriall den chineál céanna, áit arb í forbairt an ábhair mheastóireachta an chomhpháirt is tábhachtaí. Agus leas á bhaint as céimeanna shamhail Kirkpatrick chun críocha taispeána, déanfar ceanglais mheastóireachta ESG a bhreithniú i gcomhthéacs ESQF.






## Freagairt

Ba cheart meastóireacht ar leibhéal na freagartha a dhéanamh i gcomhar le foghlaimeoirí tar éis gach modúil. Ba cheart ualach oibre, nósanna imeachta le haghaidh measúnaithe, an timpeallacht foghlama agus, i dtéarmaí ESQF, ionchais, riachtanais agus sásamh a ghabháil inti. Tá deis ann ceisteanna meastóireachta a bhunú ar ionchais, riachtanais agus sásamh mar gheall gur gairmoiliúint í oiliúint EUAA agus mar gheall ar an ábharthacht a bhraitear a bheith aici do na cúraimí poist sonracha.

I gcás ina dtagann saincheisteanna seasta aníos i modúil shonracha i ndáil le riachtanais, ionchais agus sásamh, ba cheart meastóireacht eile a dhéanamh chun teacht ar an gcúis leis an míshásamh. Is féidir go mbeidh iarmhairtí aici do ESQF maidir le difríocht a chruthú idir na cúraimí poist a shainítear agus ionchais nó maidir le míthuiscint a chruthú ar an leibhéal castachta. Bheadh sé riachtanach a fháil amach cé acu is saincheist réigiúnach atá teoranta do Bhallstát sonrach í nó is saincheist atá follasach ar fud an tsoláthair oiliúna ar fad í. Ba cheart aon saincheist a thagann aníos i ndáil le ESQF a thaifeadadh. Beifear in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna le linn an athbhreithnithe thréimhsiúil ar ESQF agus gníomhaíocht a dhéanamh ina leith ansin. Má tá an tsaincheist ag cur as don fhoghlaim, ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi idir an dá linn agus níor cheart fanacht go dtí an t-athbhreithniú tréimhsiúil chun déileáil léi.

Faoi mar a tharla nuair a bhí ESQF á fhorbairt, beidh ríthábhacht ag baint le haiseolas a fháil ar ESQF a úsáid agus ar a ábharthacht i gcomhthéacs náisiúnta chun feabhas leanúnach a chur ar an uirlis.

## Foghlaim

Tá an mheastóireacht ar leibhéal na foghlama bunaithe ar dhul chun cinn, is é sin le rá, modúl nó clár a bheith á chríochnú go rathúil ag an bhfoghlaimeoir, a fhágann gur féidir leis/léi bogadh ar aghaidh chuig an gcéad seicheamh foghlama iomchuí eile. Rud eile a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfoghlaim is ea feidhmíocht i measúnuithe.

### ESQF agus feidhmíocht i measúnuithe suimitheacha

Tá feidhmíocht i gcúraimí measúnaithe shuimithigh ar an táscaire is láidre ar an bhfoghlaim. Dá bhrí sin, ba cheart cúraimí measúnaithe shuimithigh a bheith dílis do na Caighdeáin Ghairme a shainítear in ESQF. Ba cheart ardleibhéal faireachais a dhéanamh ar fheidhmíocht i measúnuithe suimitheacha. Tríd is tríd, bheifí ag súil leis go leanfadh feidhmíocht i measúnú suimitheach patrún normalach le himeacht ama. Táscaire ar fhadhbanna is ea modúil nach dteipeann ar fhoghlaimeoirí ar an gcéad iarracht iad in am ar bith nó modúil arb annamh a theipeann ar fhoghlaimeoirí ar an gcéad iarracht iad agus, ar an taobh eile, modúil a dteipeann ar a lán foghlaimeoirí ar an gcéad iarracht iad. Táscaire eile ar fhadhbanna is ea modúil nach mbaineann aon fhoghlaimeoirí pas le gradam amach iontu nó ar beag foghlaimeoir a bhaineann pas le gradam amach iontu agus, ar an taobh eile, modúil a mbaineann a lán foghlaimeoirí pas le gradam amach iontu.
Cé go mbíonn roinnt cúiseanna ann leis na saincheisteanna measúnaithe shuimithigh sin, dírítear in ESQF ar an tsaincheist a bhaineann le castacht agus ar a áirithiú go bhfuil castacht an chúraim mheasúnaithe shuimithigh ag teacht le castacht na dtorthaí foghlama agus go bhfuil an dá cheann díobh ag teacht leis na gníomhaíochtaí foghlama nó leis an inneachar oiliúna.



## Athrú Iompraíochta

Cé nach bhfuil an mheastóireacht ar athrú iompraíochta ar cheann de cheanglais ESG (níl sé ar chumas institiúidí acadúla an mheastóireacht sin a dhéanamh ar bhealach córasach), baineann tábhacht mhór léi do EUAA mar sin féin. An dtacaíonn an oiliúint nó an fhoghlaim leis an bhfoghlaimeoir i ndáiríre na cúraimí a dhéanamh san áit oibre? Cé gur féidir meastóireacht ar athrú iompraíochta a dhéanamh ar a lán bealaí, moltar go n-úsáidfí na Caighdeáin Ghairme agus na fochúraimí a chumhdaítear iontu chun bonn eolais a chur faoin modheolaíocht.

Trí aiseolas a fháil ó iarfhoghlaimeoirí agus óna maoirseoirí maidir le feidhmíocht iaroiliúna i gcúraimí sonracha, beifear in ann a áirithiú go bhfuil an mheastóireacht dírithe ar an gcúram. Is féidir an t-aiseolas a nascadh go díreach ar ais leis an anailís riachtanas oiliúna agus le dearadh na hoiliúna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha sna gnéithe den fhoghlaim a bhaineann leis na cúraimí nó, go deimhin, leis an measúnú suimitheach ar na cúraimí.

## Feidhmíocht Eagraíochta

Níl an leibhéal meastóireachta deiridh ar cheann de cheanglais ESG ach oiread agus b'fhéidir go bhfuil sé ar an gceann is deacra le tomhas. Ós rud é go bhfuil sé ina aidhm le hoiliúint EUAA tacú le cur chun feidhme comhchuibhithe CEAS, tá sé tábhachtach méadrachtaí a leagan síos a bhfuil acmhainneacht acu a léiriú go bhfuil tionchar dearfach á imirt aici i dtreo comhchuibhiú a bhaint amach.

Méadracht thábhachtach chun na críche sin is ea an líon Ballstát, tríú tíortha agus eagraíochtaí a bhaineann leas as modúil oiliúna an Churaclaim Eorpaigh um Thearmann. Tairgtear in ESQF méadracht eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an ról a imríonn oiliúint an Bhallstáit féin i gcomhchuibhiú a bhaint amach a thaispeáint.

Mar a chumhdaítear thíos, is é an acmhainneacht atá ag uirlis choiteann tagartha a bhaineann le CEAS an buntáiste a bhaineann le creat um cháilíochtaí earnála a fhorbairt ar leibhéal Eorpach. Trí chaighdeáin choiteanna Oideachais agus Ghairme a úsáid, bogtar i dtreo tuilleadh comhchuibhithe a bhaint amach. D'fhéadfaí leas a bhaint as faisnéis faoi úsáid ESQF ag na Ballstáit chun cabhrú lena thomhas conas a rannchuidigh an oiliúint le comhlíonadh méadaithe CEAS ina gcomhthéacs féin agus chun bonn eolais a chur faoi mheastóireachtaí níos leithne.

**Pleanáil Straitéiseach**

Ós rud é go dtugtar in ESQF léarscáil de gach ceann de na cúraimí poist agus na caighdeáin oideachais (torthaí foghlama) a theastaíonn chun na cúraimí a chomhlíonadh, is féidir ESQF a úsáid mar uirlis straitéiseach le haghaidh pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh i dtreo spriocanna oiliúna a bhaint amach.

## Athbhreithniú Tréimhsiúil ar ESQF

Ba cheart creataí um cháilíochtaí, lena n-áirítear creataí earnála, a chur faoi réir na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta céanna sin a gcuirtear modúil agus cláir faoina réir. Trí mheastóireacht a dhéanamh ar oiliúint sa ghnáth-thimthriall meastóireachta, is féidir teacht ar tháscairí ar shaincheisteanna in ESQF. Téann athruithe ar na ceanglais ghairme i réimse an Tearmainn agus an Ghlactha i bhfeidhm ar ESQF freisin.

Seachas na bearta a rinneadh cheana, is é an bealach is éifeachtaí chun ESQF a bhailíochtú ná úsáid a bhaint as. Lorgófar aiseolas agus meastóireacht ar bhealach córasach, struchtúrtha uathu sin a úsáideann ESQF, in EUAA agus i dtíortha AE+ araon.

Níor cheart ESQF a bheith ag athrú de shíor, áfach. Ach amháin i gcás ina dtiocfaidh aníos saincheist an-suntasach a chaitheann amhras ar bhailíocht ESQF, rud a bhfoilseofaí aguisín ina leith, ba cheart athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar ESQF i gcomhréir leis an ngnáth-thimthriall athbhreithnithe thréimhsiúil dearbhaithe cáilíochta, is é sin gach cúig bliana ón dáta foilsithe.



# European Sectoral Qualifications Framework
# Prionsabail agus Téarmaíocht

Beartaítear na prionsabail agus an téarmaíocht seo a leanas a bheith ina ndoiciméad tacaíochta don ESQF. Soiléirítear leo an dóigh a n-úsáidtear téarmaí go sonrach sa ESQF agus mínítear leo na prionsabail uileghabhálacha lena ndearnadh eolas d'fhorbairt an chreata.

## Eochairphrionsabail an ESQF

■ **Cé gur cuimsitheach atá an ESQF, níl sé saintreorach:** Ba cheart na cúraimí poist agus an fhoghlaim do na hoifigigh thearmainn agus ghlactha uile ar fud AE a léiriú sa ESQF. Ní chuirfear oibleagáid ar aon Bhallstát cúram nó foghlaim a chur ar áireamh dá chuid oifigeach toisc é nó í a bheith ar áireamh sa ESQF, áfach.

■ **Struchtúr:** Tá Caighdeáin Ghairme agus Caighdeáin Oideachais an ESQF roinnte ina dtrí chuid: 'Inniúlachtaí Cineálacha sa Tearmann agus sa Ghlacadh', 'Inniúlachtaí Sonracha sa Tearmann agus sa Ghlacadh', agus 'Inniúlachtaí Bainistíochta agus Maoirseachta'. Laistigh de gach cuid, is ann do 'réimsí inniúlachta' a liostaítear sa chéad cholún. Áirithítear leis an struchtúr sin nach mbeidh aon fhorluí ann sna Caighdeáin Ghairme. Mar shampla, tá gnéithe áirithe de scileanna cumarsáide nó den dlí, den bheartas agus de na nósanna imeachta ábhartha d'fhormhór na gcúraimí atá ar oifigigh thearmainn agus ghlactha. Dá bhrí sin, sainmhínítear na caighdeáin sin mar chaighdeáin chineálacha.

■ **Is don chastacht, agus ní don ghrád, a sheasann na leibhéil:** Rangaítear na Caighdeáin Ghairme faoi leibhéil A, B agus C, áit a seasann leibhéal 'A' do na cúraimí is lú castacht agus a seasann leibhéal 'C' do na cúraimí is mó castacht. Baineann an rud céanna leis na Caighdeáin Oideachais, a eagraítear faoi cholúin uimhriúla (5-7) atá ag teacht leis an leibhéal castachta a shainítear sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá sé measartha deacair cuimhne a choinneáil ar an gcoincheap sin toisc gur gnách smaoineamh de réir an struchtúir chéimlathaigh in ionad de réir chastacht an chúraim.

■ **Fágtar na boscaí folamh d'aon turas:** Sainítear sa chreat na Caighdeáin Ghairme iarbhír atá sainaitheanta agus bailíochtaithe ag na Ballstáit. In amanna, ní ann do Chaighdeáin Ghairme 'níos neamhchasta' nó 'níos casta' laistigh de 'Réimse Inniúlachta' nó ní mheastar go mbeidh siad ann. Dá bhrí sin, fágtar na boscaí folamh. Is gnáthrud é sin. Baineann an prionsabal céanna leis na Caighdeáin Oideachais.

■ **Creat ardleibhéil is ea an ESQF:** Scríobhtar na Caighdeáin Ghairme de réir ardleibhéil. Is é sin le rá go gcuimsítear iontu cúraimí sonracha poist atá bainteach go díreach leo nó go gcuimsítear iontu fochúraimí atá riachtanach chun an Caighdeán Gairme a bhaint amach. Mar shampla, baineann "Éilimh a mheasúnú chun a chinneadh cé acu ba cheart stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú nó a eisiamh nó ba cheart deireadh a chur leis an stádas sin, agus úsáid á baint as an bhfianaise agus an fhaisnéis ábhartha ar fad i gcásanna caighdeánacha tearmainn" le roinnt fochúraimí amhail measúnú riosca a dhéanamh, a shainaithint cén fhianaise atá ábhartha d'éileamh agus cinneadh a dhéanamh. Cuirtear fochúraimí a ghabhann le Caighdeán Gairme san áireamh nuair atá riachtanais oiliúna á measúnú agus nuair atá oiliúint á forbairt, fiú i gcás nach bhfuil siad le feiceáil ar mhaitrís an ESQF ann.

■ **Cuimsitheacht na nOifigeach Tearmainn agus na nOifigeach Glactha araon:** Áirítear le tagairtí don 'phróiseas tearmainn ina iomláine' an t-iarratas ar thearmann agus an glacadh iarratasóirí araon a bhainistiú:

■ **Teangacha:** Ní dhéantar aon tagairtí sa ESQF d'inniúlacht teanga toisc gurb ann do chreat Eorpach leithleach lena rangaítear inniúlacht teanga.

■ **Gairmeacha eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn:** Is d'oifigigh thearmainn agus ghlactha go sonrach atá an creat seo. Is d'aon ghnó nach gcumhdaítear gairmeacha eile amhail ateangairí leis, cé go gcomhlíonann siad ról ríthábhachtach sa 'phróiseas tearmainn ina iomláine'. Is amhlaidh sin toisc, chun críocha gairmoiliúna, go dtagann gairmeacha eile faoi 'earnálacha' difriúla agus, dá bhrí sin, tá nó beidh siad faoi réir na gcreataí cáilíochtaí atá sonrach don earnáil sin. Ní fhágann sé sin nach bhféadfaidh gairmeacha eile tabhairt faoi oiliúint, nó faoi chodanna d'oiliúint, atá ceaptha chun cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a bhaint amach.

# Téarmaíocht

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Agallamh caighdeánach a bhaineann leis an tearmann<br>Agallaimh chasta agus/nó neamhchaighdeánacha a bhaineann leis an tearmann | Tagraíonn an téarma '**agallamh caighdeánach a bhaineann leis an tearmann**' d'agallaimh ina dtagann na húdaráis tearmainn go rialta ar an gcor agus an fhianaise lena mbaineann.<br>Tagraíonn an téarma '**agallaimh chasta nó neamhchaighdeánacha a bhaineann leis an tearmann**' d'agallaimh a dteastaíonn ardstraitéisí agallaimh ina leith de bharr imthosca dlí, amhail i gcásanna casta eisiaimh, nó d'agallaimh a dteastaíonn tuiscint chuimsitheach ar fheidhmeanna cognaíocha agus ar fhorbairt chognaíoch ina leith chun eolas a dhéanamh do mhodhanna le haghaidh faisnéis a tharraingt. | |
| Agallóireacht | Tagraíonn an téarma 'agallóireacht' d'agallamh pearsanta foirmiúil de réir an tsainmhínithe a thugtar sa doiciméad dar teideal 'EUAA Practical Guide: Personal Interview'. Tá a lán ócáidí eile ann inar féidir go bhféachfaidh oifigigh thearmainn agus ghlactha le ceisteanna a chur ar iarratasóirí ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear foirmeacha a líonadh isteach. Gabhtar an cineál sin ceistiúcháin faoi fhochúraimí i gCumarsáid Ghinearálta. | |
| An difríocht idir dearbhú cáilíochta ar an bpróiseas tearmainn agus glactha agus bainistíocht cáilíochta | Ní thagraíonn an téarma 'dearbhú cáilíochta ar an bpróiseas tearmainn agus glactha' ach do cháilíocht na gcinntí a dhéantar ar chás an iarratasóra.<br>Baineann bainistíocht cáilíochta le gach próiseas eagraíochta agus ní bhaineann sí go sonrach le cinntí ar chás an iarratasóra. | |
| An nós imeachta tearmainn | | **An nós imeachta tearmainn**<br>Cumhdaítear leis seo na céimeanna uile a bhaineann le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ó dhéanamh an iarratais go dtí an cinneadh deiridh, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí an iarratasóra.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, an Modúl ar an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Rochtain ar an Nós Imeachta Tearmainn; *Anailís Bhreithiúnach: Nósanna imeachta tearmainn agus prionsabal an non-refoulement*<br>**Dá ngairtear freisin:** Nós imeachta cosanta idirnáisiúnta |
| An próiseas glactha | | Úsáidtear an téarma 'próiseas glactha' chun a chur in iúl gur do phróisis ghlactha **amháin**, agus ní do phróisis tearmainn, a thagraíonn an caighdeán. |
| Cód cleachtais | Áirítear leis cóid eitice, cóid iompair agus cóid ghairmiúla is infheidhme maidir le hoifigigh thearmainn nó le hoifigigh ghlactha. | |

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Anailís Faisnéise agus Anailís Sonraí | Tagraíonn an chuid seo do bhailiú agus anailís a dhéanamh ar gach cineál sonraí a bhaineann leis an tearmann agus leis an nglacadh ach ní áirítear léi Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh, rud a chumhdaítear ar leithligh. | |
| Baile Átha Cliath | Fochúraimí de chuid Caighdeáin Ghairme ardleibhéil is ea cásanna Bhaile Átha Cliath a shainaithint agus a bhainistiú. Mar shampla, gabhtar sainaithint chásanna Bhaile Átha Cliath sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála faoin teideal 'Measúnú Fianaise agus Cinnteoireacht' (20e): *A chinneadh cé atá freagrach as éileamh ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil* | |
| Cásanna Caighdeánacha agus Cásanna Casta a Bhaineann leis an Tearmann | Úsáidtear na téarmaí 'cásanna caighdeánacha' agus 'cásanna casta' chun idirdhealú a dhéanamh idir an méid castachta atá i gceist, maidir leis an ngá atá ann le hardeolas nó ardscileanna chun an cás a bhainistiú, agus aird á tabhairt ar an bhfíric go ndéileáiltear le gach cás ar bhonn a shaintréithe ar leith.<br><br>Tagraíonn an téarma '**Caighdeánach**' do chásanna ina dtagann na húdaráis tearmainn go rialta ar an gcor, an fhianaise agus an riosca lena mbaineann.<br><br>Tagraíonn an téarma '**Casta**' do chásanna inar nua nó annamh atá an cor, an fhianaise nó an riosca lena mbaineann, inar dúshlánach ón taobh dlíthiúil de atá an cor, an fhianaise nó an riosca lena mbaineann nó ina bhfágann an cor, an fhianaise nó an riosca lena mbaineann go dteastaíonn sainscileanna chun fianaise a bhailiú. | |
| Ceistiúchán | Ní mheastar sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála gur agallóireacht í faisnéis a tharraingt trí cheisteanna a chur. Chun míniú a fháil ar cad a chumhdaíonn an téarma 'agallóireacht', féach an sainmhíniú thuas ar an téarma 'Agallóireacht'. | |

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Clárú | Chun críocha an ESQF, cuimsíonn an téarma 'clárú' an gníomh a bhfuil sé i gceist leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar bhonn foirmiúil leis an údarás cinntitheach nó le haon chomhlacht eile de réir an chleachtais náisiúnta. | **Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú**<br>Toisc é a bheith ar an dara céim den rochtain ar an nós imeachta tearmainn, ba cheart déanamh aon iarratais a chlárú chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gceart agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as déanamh an iarratais. Rialáiltear na teorainneacha ama le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, an modúl ar Thús Eolais ar Chosaint Idirnáisiúnta, an Modúl ar an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, Iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta a Chlárú<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Rochtain ar an Nós Imeachta Tearmainn<br>**Ná measc é leis seo:** iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh; iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh [féach thíos]<br>**Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh**<br>An tríú céim den rochtain ar an nós imeachta tearmainn - an gníomh a bhfuil sé i gceist leis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar bhonn foirmiúil - trí fhoirm a chur isteach nó, i gcás ina bhforáiltear dó seo sa dlí náisiúnta, tuarascáil oifigiúil a chur isteach chuig údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, an Modúl ar Thús Eolais ar Chosaint Idirnáisiúnta, an Modúl ar an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Rochtain ar an Nós Imeachta Tearmainn; *Anailís Bhreithiúnach: Nósanna imeachta tearmainn agus prionsabal an non-refoulement*<br>**Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa:** iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh<br>**Ná measc é leis seo**: iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh; iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú |
| Comhthéacs a bhaineann le tearmann | Tagraíonn an téarma do thearmann **agus** do ghlacadh. | |
| Crá sóisialta | Úsáidtear an téarma 'crá sóisialta' chun aon strus nó tráma agus aon fhadhbanna féinchúraim a d'fhéadfadh a bheith ag iarratasóir a chuimsiú.<br>Tabhair do d'aire: I gcás ina mbaineann sí le baill foirne, tá déileáil le strus, le tráma agus le féinchúraim i measc na gcúraimí a chumhdaítear faoi réimse inniúlachta na Folláine Gairmiúla. Is faoi réimse inniúlachta na Tacaíochta Síceasóisialta agus na Treorach Síceasóisialta a chumhdaítear na fadhbanna céanna ó thaobh an iarratasóra de. | |

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI) | Léirítear leis na cúraimí faoi 'Thaighde ar Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh' **taighde agus forbairt táirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh** (féach an sainmhíniú) ag **taighdeoirí ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh** (féach an sainmhíniú). Léirítear i 'Measúnú Fianaise agus Cinnteoireacht' an úsáid a bhaintear as faisnéis faoin tír thionscnaimh agus na seiceálacha beaga a dhéantar ar na staideanna cora i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. | **Táirge i réimse na Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh (COI)**<br>Aon chineál táirge deiridh i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh a úsáidtear chun tacú le cleachtóirí a chinneann stádas dídeanaithe[4]. Áirítear le táirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh tuarascálacha ginearálta/téamacha, bileoga faisnéise, croineolaíochtaí, tuarascálacha ar mhisin aimsithe faisnéise agus freagraí ar cheisteanna sonracha. [1]<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Cáilitheacht (faisnéis faoin tír thionscnaimh), an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (faisnéis faoin tír thionscnaimh)<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Uirlisí agus leideanna le haghaidh taighde ar líne<br>**Taighdeoir ar Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh**<br>Taighdeoir a sholáthraíonn seirbhísí Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh chun tacú le cleachtóirí a chinneann stádas dídeanaithe. Déanann taighdeoir ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh faisnéis faoin tír thionscnaimh a bhailiú, a roghnú agus a bhailíochtú agus is minic a dhréachtaíonn sé/sí táirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. Tugann sé/sí faoi fhiosruithe nó imscrúduithe freisin ar nithe a bhaineann le faisnéis faoin tír thionscnaimh chun fíricí, imeachtaí nó cora a sheiceáil agus chun an t-eolas ar thír ar leith a mhéadú.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Cáilitheacht (faisnéis faoin tír thionscnaimh), an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (faisnéis faoin tír thionscnaimh)<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Uirlisí agus leideanna le haghaidh taighde ar líne<br>**Dá ngairtear freisin:** anailísithe ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, saineolaithe ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, saineolaithe tíre, speisialtóirí tíre |
| Folláine ghairmiúil | Is ionann an téarma 'folláine ghairmiúil' agus téarma uileghabhálach lena ngabhann leas agus folláine san áit oibre. | |
| Iarratasóir | Tagraíonn an téarma 'iarratasóir' d'aon duine atá ina (h)ábhar d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ó na chéad chéimeanna den phróiseas go dtí deireadh an phróisis, mar a léirítear sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn. | **Iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta**<br>Náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nach ndearnadh cinneadh deiridh ina leith go fóill.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Cáilitheacht, an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, an Modúl ar Chuimsiú<br>**Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa:** iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** iarrthóir tearmainn<br>**Téarma(í) gaolmhar(a):** iarratas ar chosaint idirnáisiúnta<br>**Ná measc é leis seo:** tairbhí cosanta idirnáisiúnta |

[4] Stádas Dídeanaithe a Chinneadh

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Iarratasóir a bhfuil riachtanais shonracha agus riachtanais speisialta aige/aici | Cumhdaítear leis seo iarratasóirí a bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth orthu agus/nó a bhfuil sainriachtanais ghlactha acu. | **Iarratasóir a bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth air/uirthi**<br>Iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil teorainn ann lena c(h)umas chun leas a bhaint as na cearta agus cloí leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear faoin Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn de bharr tosca aonair amhail aois, inscne, treoshuíomh gnéasach, féiniúlacht inscne, míchumas, breoiteacht thromchúiseach, neamhoird mheabhrach nó iarmhairtí na céastóireachta, an éignithe nó cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíoch, fhisiciúil nó ghnéasaigh.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar Dhaoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA**: Uirlis EUAA le haghaidh Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu a Shainaithint (IPSN)<br>Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa: iarratasóir a bhfuil sainriachtanais nós imeachta aige/aici<br>Téarma(í) gaolmhar(a): iarratasóir leochaileach<br>Ná measc é leis seo: iarratasóir a bhfuil sainriachtanais ghlactha aige/aici **[féach thíos]**<br>**Iarratasóir a bhfuil sainriachtanais ghlactha aige/aici**<br>Iarratasóir leochaileach a bhfuil sainráthaíochtaí de dhíth air/uirthi chun go bhféadfaidh sé/sí leas a bhaint as na cearta agus cloí leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha.<br>**Tagairt dhlíthiúil/tagairtí dlíthiúla:** an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha<br>**Modúil Oiliúna an EAC:** an Modúl ar Ghlacadh, an Modúl ar Dhaoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh<br>**Uirlisí Praiticiúla EUAA:** Uirlis EUAA le haghaidh Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu a Shainaithint (IPSN)<br>**Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa:** iarratasóir a bhfuil sainriachtanais ghlactha aige/aici<br>**Téarmaí gaolmhara:** iarratasóir leochaileach<br>Ná measc é leis seo: iarratasóir a bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth air/uirthi [féach thuas] |
| Inniúlachtaí maoirseachta agus bainistíochta | Gabhtar cúraimí a bhaineann le maoirseacht nó bainistíocht sa chuid seo den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála. Ní thugtar le fios inti gurb iad oifigigh a bhfuil ról maoirseachta nó bainistíochta acu na daoine a chomhlíonann na cúraimí sin ná na daoine nach mór dóibh na cúraimí sin a chomhlíonadh. | |

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Maoirseacht, Bainistíocht agus Ceannaireacht | I gcomhthéacs an ESQF:<br>Tagraíonn an téarma '**Maoirseacht**' do leibhéil íochtaracha an struchtúir bhainistíochta agus baineann sé le formhaoirseacht dhíreach a dhéanamh ar obair na n-íochtarán.<br>Tagraíonn an téarma '**Bainistíocht**' i bprionsabal do chiseal láir an struchtúir bhainistíochta agus baineann sé le hacmhainní (acmhainní daonna, acmhainní airgeadais agus acmhainní bonneagair) a bhainistiú go díreach chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.<br>Tagraíonn an téarma '**Ceannaireacht**' i bprionsabal do leibhéal uachtarach an struchtúir bhainistíochta, atá freagrach as treo straitéiseach na heagraíochta nó as tionscadail shonracha.<br>Laistigh de na sainmhínithe sin, aithnítear gur féidir le ceannairí freagrachtaí bainistíochta a bheith orthu agus go n-úsáidtear an téarma 'ceannaire' go minic chun tagairt d'fhoireann a stiúradh, rud atá an-chosúil le maoirseacht sa chomhthéacs seo. | |
| Modhanna | Is ionann modh agus próiseas trína gcuirtear cúram ar leith i gcrích, mar shampla measúnú fianaise. | |
| Próiseas tearmainn | Úsáidtear an téarma 'próiseas tearmainn' chun a chur in iúl gur do phróisis tearmainn **amháin**, agus ní do phróisis ghlactha, a thagraíonn an caighdeán. | |
| Próisis agus Nósanna Imeachta | Sainítear i **bpróiseas** na céimeanna nó na codanna ardleibhéil d'imeacht. Tosaíonn an próiseas tearmainn ag céim an chlárúcháin agus leanann sé ar aghaidh trí chéim an iarratais, trí chéim an chinnidh agus trí na chéad chéimeanna eile, ag brath ar an toradh ar an gcinneadh.<br>Is mionchuntas ar ghníomh ar leith é **nós imeachta**. Sa nós imeachta le haghaidh clárúcháin, mar shampla, tugtar mionsonraí faoi gach ceann de na céimeanna a theastaíonn chun comhad a oscailt.<br>Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh a lán nósanna imeachta difriúla i gceist le próiseas. | |

| An téarma a úsáidtear sa ESQF | An Sainmhíniú/míniú a úsáidtear sna Caighdeáin Ghairme agus Oideachais | An sainmhíniú de réir na Gluaise Téarmaí don Churaclam Eorpach Tearmainn (EAC), mar aon le naisc chuig gluais Ghréasán Imirce na hEorpa, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. |
|---|---|---|
| Roghanna eile ar choinneáil | Is ionann roghanna eile ar choinneáil agus bearta lena n-ionadaítear coinneáil agus, dá bhrí sin, srianadh iomlán na saoirse pearsanta, agus lena gcuirfear ar chumas an duine aonair (ar náisiúnach tríú tír é/í) fanacht in áit áirithe a luaithe a chomhlíonfaidh sé/sí na coinníollacha socraithe agus na srianta socraithe lena dteorannaítear go páirteach an tsaoirse gluaiseachta atá aige/aici. Áirítear na nithe seo, mar shampla, leis na roghanna eile sin: tuairisciú rialta a dhéanamh ar an áit fanachta, ráthaíocht airgeadais nó doiciméid taistil a thabhairt suas, faireachán leictreonach, [...]<br>Foinse: Staidéar Fócasaithe EMN 2014 | |
| Scileanna Cumarsáide | Foráiltear le réimse inniúlachta na Cumarsáide Ginearálta do thrí leibhéal cumarsáide a bhaineann leis an gcomhthéacs tearmainn agus glactha. Cé go mionsonrófar sna fochúraimí na scileanna beachta, is amhlaidh i bprionsabal go n-áirítear iad seo a leanas le gach leibhéal:<br>Leibhéal A: Éisteacht ghníomhach, ceistiúchán bunúsach, faisnéis a tharraingt (foirmeacha a chomhlánú), comhthuiscint a thógáil, cumarsáid neamhbhriathartha, breithniúcháin chultúrtha i gcumarsáid.<br>Leibhéal B: Ardscileanna chun faisnéis a tharraingt, litearthacht mhothúchánach, údair scríofa.<br>Leibhéal C: Taidhleoireacht, bainistíocht meán, cumarsáid a dhéanamh le spriocphobail shonracha (e.g. daoine an-óg), straitéisí cumarsáide eagraíochta. | |
| Timpeallacht chuimsitheach shábháilte | Tagraíonn an téarma 'timpeallacht chuimsitheach shábháilte' dá áirithiú go mothóidh gach iarratasóir go bhfuil siad sábháilte i dtimpeallachtaí tearmainn agus glactha, beag beann ar aon 'riachtanais shonracha agus riachtanais speisialta' (féach an sainmhíniú) nó ar aon saincheisteanna ilchineálachta a bhaineann leo. | |
| Uirlisí agus teicnící | Is míreanna teicniúla iad **Uirlisí**. Áirítear leo cláir bhogearraí nó fardail a bhfuil mar aidhm leo tacú le cúraimí a chur i gcrích.<br>Is iad **Teicnící** na gnéithe praiticiúla a theastaíonn chun cúraimí a chur i gcrích, mar shampla teicnící agallaimh. | |

# Iarscríbhinn 1

Mínítear ar fud na treorach praiticiúla gur caighdeáin ardleibhéil iad na Caighdeáin Ghairme. Ciallaíonn sé sin go gcumhdaítear roinnt cúraimí i ngach Caighdeán Gairme. Feicfidh tú an miondealú ar roinnt Caighdeán Gairme thíos. Cé nach bhfuil siad uileghabhálach, is samplaí iad den dóigh ar forbraíodh na Caighdeáin Ghairme.

Tógtar na samplaí ó na réimsí inniúlachta seo a leanas:

- Inniúlachtaí Cineálacha sa Tearmann agus sa Ghlacadh – An Dlí, an Beartas agus na Nósanna Imeachta
- Inniúlachtaí Sonracha sa Tearmann agus sa Ghlacadh – Leochaileacht (atá ábhartha don phróiseas tearmainn ina iomláine); Measúnú Fianaise agus Cinnteoireacht (an próiseas tearmainn).

Tá an Uirlis EUAA um Anailís ar Riachtanais Oiliúna (ETNAT) á forbairt mar fheidhmchlár praiticiúil de chuid ESQF. Cumasófar léi do chleachtóirí cúraimí a roghnú agus na cúraimí sin a mheaitseáil le hoiliúint ábhartha.

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| An Dlí, an Beartas agus na Nósanna Imeachta | Eolas ar na nithe seo | An t-eochairdhlí, an t-eochairbheartas agus na heochairnósanna imeachta a bhaineann leis an tearmann, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta nó idirnáisiúnta nó le creat dlíthiúil AE (1a) | A | Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh ar aon dul le creat dlíthiúil AE agus leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta |
| | | | | Táscairí Bhaile Átha Cliath a shainaithint le linn déileáil le hiarratasóirí agus le linn a gcomhaid a scrúdú |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar phrionsabail bhunúsacha na cosanta idirnáisiúnta in AE |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar fhorais le heisiamh agus ar na gníomhartha in-eisiata is coitianta |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar dhaoine ar féidir gur mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | An dlí, an beartas agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an tearmann a chur i bhfeidhm laistigh de raon feidhme an róil lena mbaineann (1b) | A | Faisnéis a bhaineann le nós imeachta Bhaile Átha Cliath a shainaithint agus a bhailiú ó bhéal ón iarratasóir agus ó chomhad an iarratasóra araon. |
| | | | | Catagóirí de dhaoine a d'fhéadfadh a bheith in-eisiata a shainaithint i gcomhthéacs teacht mórscála daoine |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar fhaisnéis i gcás aonair a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil cás féideartha eisiaimh ann |
| | | | | An fhaisnéis riachtanach dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a sholáthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar sainaithníodh gur cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath iad |
| | | | | Faisnéis a sholáthar do dhaoine ar féidir gur mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta |
| | Freagracht a ghlacadh as na nithe seo a dhéanamh | An creat dlíthiúil bunúsach laistigh de raon feidhme an róil aonair lena mbaineann a chomhlíonadh (1c) | A | Cloí leis an dlí sonrach, an beartas sonrach agus na nósanna imeachta sonracha a bhaineann le marthanóirí an fhoréigin. |
| | | | | A chinneadh, bunaithe ar na táscairí, cé acu a tharchuirfear nó nach dtarchuirfear iarratasóir chuig Aonad Bhaile Átha Cliath i gcáil chás féideartha Bhaile Átha Cliath. |
| | | | | Rochtain ar an nós imeachta tearmainn a dheonú do dhaoine ar féidir gur mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta |
| | | | | An fhaisnéis ar fad a bhaineann le Rialachán Bhaile Átha Cliath arna bailiú faoin iarratasóir a sholáthar d'Aonad Bhaile Átha Cliath le linn an cás a tharchur |
| | | | | Apply safeguards in identification in a resettlement mission |

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| An Dlí, an Beartas agus na Nósanna Imeachta | Eolas ar na nithe seo | An dlí náisiúnta agus Eorpach, an beartas náisiúnta agus Eorpach agus na nósanna imeachta náisiúnta agus Eorpacha, an dlí-eolaíocht náisiúnta agus Eorpach agus an cásdlí náisiúnta agus Eorpach a bhaineann leis an tearmann i gcomhthéacs na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i gcomhthéacs chreat dlíthiúil AE (1d) | B | An sainmhíniú ar chosaint choimhdeach sa dlí idirnáisiúnta agus in acquis tearmainn AE a chur i bhfeidhm.<br>Na creataí dlíthiúla agus na hionstraimí dlíthiúla is infheidhme a chur i bhfeidhm le linn cásanna eisiaimh a bhreithniú do dhaoine nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu<br>An sainmhíniú ar dhídeanaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin i dtaobh Stádas Dídeanaithe agus acquis tearmainn AE<br>A mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú<br>Catagóirí aighneachta Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leibhéil dhifriúla tosaíochta a chur i gcomhthéacs tríd an bhfoirm clárúcháin athlonnaithe agus an aighneacht clárúcháin a úsáid le linn misean athlonnaithe<br>Aistriú Bhaile Átha Cliath a eagrú<br>Iarrataí ar ghabháil ar láimh, iarrataí ar ghabháil ar ais, iarrataí faisnéise agus iarrataí athscrúdaithe a phróiseáil (iad a sheoladh nó freagra a thabhairt orthu)<br>Úsáid a bhaint as an modh ábhartha cruthúnais agus fianaise chun a mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Moltaí dlí agus/nó nós imeachta ó bhéal agus i scríbhinn a sholáthar do gach geallsealbhóir maidir le saincheisteanna caighdeánacha tearmainn (1e) | B | Anailís a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomparáid leis an sainmhíniú ar dhídeanaí a leagtar síos sa dlí náisiúnta, in acquis tearmainn AE agus sa Choinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe |
| | Eolas ar na nithe seo | Coincheapa atá ábhartha don dlí tearmainn, agus ceanglais nós imeachta a bhaineann le saincheisteanna casta sonracha cosanta idirnáisiúnta (i.e. eisiamh, scor, cúlghairm) (1g) | C | A mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú i gcásanna lena mbaineann ardleibhéal castachta<br>Sainaithint a dhéanamh ar choincheapa, dlíthe sonracha agus ceanglais nós imeachta a bhaineann le saincheisteanna casta a bhaineann leis an eisiamh |

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| An Dlí, an Beartas agus na Nósanna Imeachta | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Moltaí dlí agus nós imeachta ó bhéal agus i scríbhinn a sholáthar do gach geallsealbhóir maidir le saincheisteanna neamhchaighdeánacha agus/nó casta a bhaineann leis an tearmann (1h) | C | An dualgas cruthúnais agus an caighdeán cruthúnais a chur i bhfeidhm maidir le saincheisteanna casta a bhaineann leis an eisiamh |
| | | | | A chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann duine aonair na gnéithe comhpháirteacha uile de na clásail eisiaimh, bunaithe ar an bhfianaise agus an fhaisnéis ábhartha arna mbailiú |
| | | | | Coincheapa casta cosanta dídeanaithe a léiriú agus a chur i bhfeidhm. |
| | | | | Coincheapa casta cosanta coimhdí a léiriú agus a chur i bhfeidhm. |
| | | | | Anailís dhlíthiúil a sholáthar chun tacú leis an gcinneadh ar cé acu atá nó nach bhfuil clásal eisiaimh infheidhme i gcomhthéacs cásanna casta aonair. |
| | | | | An fhianaise agus an fhaisnéis lena gcomhlíontar na critéir infheidhmeachta i gcásanna casta a roghnú |
| Leochaileacht | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Úsáid a bhaint as ardstraitéisí agallóireachta chun agallaimh chasta agus/nó agallaimh neamhchaighdeánacha a bhaineann leis an tearmann a phleanáil, a ullmhú, a sheoladh agus a thaifeadadh (8h) | C | Agallamh pearsanta tearmainn a dhéanamh le leanbh i gcomhréir leis an Modh Agallóireachta Tearmainn |
| | | | | Agallamh pearsanta tearmainn a dhéanamh le hiarratasóir Gnéaschlaonta agus Féiniúlachta Inscne i gcomhréir leis an Modh Agallóireachta Tearmainn |
| | | | | Agallamh pearsanta tearmainn a dhéanamh le hiarratasóir ar íospartach féideartha na Gáinneála ar Dhaoine é/í i gcomhréir leis an Modh Agallóireachta Tearmainn |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Fianaise, tras-scríbhinní agallaimh agus faisnéis shonrach ábhartha faoin tír thionscnaimh a mheas i gcomparáid leis na ceanglais dhlíthiúla i gcás cásanna tearmainn agus achomhairc atá neamhchaighdeánach nó casta (19h) | C | Measúnú a dhéanamh ar iarratais arna gcur isteach ag iarratasóir ar leanbh é/í i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Measúnú a dhéanamh ar iarratais arna gcur isteach ag iarratasóir Gnéaschlaonta agus Féiniúlachta Inscne i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Measúnú a dhéanamh ar iarratais arna gcur isteach ag iarratasóirí ar íospartaigh fhéideartha na Gáinneála ar Dhaoine iad i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | An cumas na nithe seo a dhéanamh | Iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint (23b) | A | Iarratasóir a bhfuil riachtanais shonracha fhéideartha aige/aici a shainaithint |

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| Leochaileacht | Eolas ar na nithe seo | An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leochaileachtaí ar rannpháirtíocht ar fud an phróisis tearmainn ina iomláine (23d) | B | Cur chuige inscne-íogair a chur i bhfeidhm sa phróiseas tearmainn ina iomláine |
| | | | | Foréigean atá bunaithe ar inscne agus ar Ghnéaschlaonadh agus Féiniúlacht Inscne a shainaithint |
| | | | | Cearta íospartaigh fhéideartha an fhoréigin atá bunaithe ar inscne agus ar Ghnéaschlaonadh agus Féiniúlacht Inscne a áirithiú |
| | | | | Measúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí leanaí ar fud an phróisis tearmainn ina iomláine |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar an tionchar agus/nó na rioscaí a bhaineann le leochaileachtaí mharthanóirí an fhoréigin sa phróiseas tearmainn ina iomláine. |
| | | | | An dlí sonrach, an beartas sonrach agus na nósanna imeachta sonracha a bhaineann le leanaí, lena n-áirítear an cásdlí, a léiriú agus a chur i bhfeidhm |
| | | | | Gníomhaíocht ábhartha a shainaithint, a mheasúnú agus a dhéanamh i gcomhthéacs an fheiniméin um Gháinneáil ar Dhaoine |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Idirghabhálacha a phleanáil agus a chur chun feidhme i gcomhréir le leochaileachtaí an iarratasóra (23e) | B | Sainaithint a dhéanamh ar na riachtanais phraiticiúla sa phróiseas tearmainn ina iomláine a thagann as leanaí. |
| | | | | Gníomhú go hiomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is coitianta le linn na teagmhála le leanbh |
| | | | | Iarratas Inscne agus Gnéaschlaonta agus Féiniúlachta Inscne ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar na riachtanais phraiticiúla i nósanna imeachta tearmainn a thagann as marthanóir an fhoréigin |
| | | | | Sainaithint agus cur i bhfeidhm a dhéanamh i nósanna imeachta tearmainn ar an dlí agus an cásdlí sonrach Idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta a bhaineann le marthanóirí an fhoréigin. |
| | | | | Pleananna a mholadh le haghaidh idirghabhálacha a chuimsíonn na riachtanais i nósanna imeachta tearmainn a thagann as leochaileachtaí mharthanóirí an fhoréigin |
| | | | | Déileáil go hiomchuí le teagmháil le híospartach féideartha na Gáinneála ar Dhaoine |
| | Freagracht a ghlacadh as na nithe seo a dhéanamh | A áirithiú go gcuirtear na riachtanais a thagann as leochaileachtaí an iarratasóra san áireamh i gcinntí agus i ngníomhartha (23f) | B | Faisnéis a sholáthar d'íospartach féideartha an fhoréigin atá bunaithe ar Inscne agus ar Ghnéaschlaonadh agus Féiniúlacht Inscne |
| | | | | Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais speisialta atá ag íospartach féideartha an fhoréigin atá bunaithe ar Inscne agus ar Ghnéaschlaonadh agus Féiniúlacht Inscne |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar na geallsealbhóirí ábhartha a bhfuil baint acu le nósanna imeachta tearmainn agus teagmháil a dhéanamh leo i dtaca le marthanóirí an fhoréigin. |
| | | | | Fógra a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn do na geallsealbhóirí ábhartha faoi na riachtanais, na cearta agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le marthanóirí an fhoréigin i gcora difriúla. |

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| Leochaileacht | Eolas ar na nithe seo | Na himpleachtaí ar fud an phróisis tearmainn ina iomláine atá ag saincheisteanna casta maidir le leochaileacht (23g) | C | Sainaithint a dhéanamh ar an tionchar atá ag aois an linbh ar an agallamh pearsanta tearmainn agus ar an bpróiseas measúnaithe fianaise. |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar an tionchar atá ag gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, córais norm agus neamh-chomhréireacht le noirm (ciorcal norm) ar an agallamh pearsanta tearmainn agus ar an bpróiseas measúnaithe fianaise. |
| | | | | Sainaithint a dhéanamh ar an tionchar atá ag an nGáinneáil ar Dhaoine ar an agallamh pearsanta tearmainn agus ar an bpróiseas measúnaithe fianaise. |
| Measúnú Fianaise agus Cinnteoireacht | Eolas ar na nithe seo | An dea-chleachtas agus na treochtaí reatha maidir leis an dóigh a gcuirtear modhanna measúnaithe fianaise a bhaineann leis an tearmann i bhfeidhm (19d) | B | Na fíorais ábhartha in éileamh ar thearmann a shainaithint trí úsáid a bhaint as an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Na píosaí ábhartha fianaise uile a shainaithint le haghaidh na bhfíoras ábhartha uile in éileamh ar thearmann i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Éilimh a mheasúnú chun a chinneadh cé acu ba cheart stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú nó a eisiamh nó ba cheart deireadh a chur leis an stádas sin, agus úsáid á baint as an bhfianaise agus an fhaisnéis ábhartha ar fad i gcásanna caighdeánacha tearmainn (19e) | | Táscairí creidiúnachta a chur i bhfeidhm chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart glacadh le gach fíoras ábhartha in éileamh ar thearmann i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Measúnú a dhéanamh ar thosca féideartha saofa in éileamh ar thearmann i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Prionsabal shochar an amhrais a chur i bhfeidhm le linn éileamh ar thearmann a mheasúnú, i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Measúnú riosca a dhéanamh i ndáil le héileamh ar thearmann i gcomhréir leis an modh struchtúraithe EUAA chun fianaise a mheasúnú |
| | | | | Gnéithe bunriachtanacha na gclásal eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí |
| | | | | Cineálacha difriúla fianaise agus faisnéise a chur i bhfeidhm maidir leis an eisiamh ó chosaint idirnáisiúnta |
| | | | | An dualgas cruthúnais agus an caighdeán cruthúnais a chur i bhfeidhm maidir leis an eisiamh |
| | | | | An fhianaise agus an fhaisnéis lena gcomhlíontar critéir infheidhmeachta agus caighdeán cruthúnais na gclásal eisiaimh a roghnú |
| | | | | Measúnú a dhéanamh ar cé chomh hinfheidhme is atá na clásail eisiaimh maidir le daoine nach meastar go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. |

| Réimse inniúlachta | Cineál inniúlachta | Caighdeán Gairme | Castacht | Cúram |
|---|---|---|---|---|
| Measúnú Fianaise agus Cinnteoireacht | Freagracht a ghlacadh as na nithe seo a dhéanamh | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinntí ar chásanna caighdeánacha tearmainn, agus an t-údar sin a thabhairt ó bhéal agus i scríbhinn do gach geallsealbhóir, lena n-áirítear an t-iarratasóir (19f) | B | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinneadh i scríbhinn ar iarratas ar thearmann i gcomhréir le dlí AE |
| | | | | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinntí ar chásanna Bhaile Átha Cliath, agus an t-údar sin a thabhairt ó bhéal agus i scríbhinn do gach geallsealbhóir, lena n-áirítear an t-iarratasóir |
| | | | | Úsáid a bhaint as an modh ábhartha cruthúnais agus fianaise chun a mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | Fianaise, tras-scríbhinní agallaimh agus faisnéis shonrach ábhartha faoin tír thionscnaimh a mheas i gcomparáid leis na ceanglais dhlíthiúla i gcás cásanna tearmainn agus achomhairc atá neamhchaighdeánach nó casta (19h) | C | A mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú i gcásanna lena mbaineann ardleibhéal castachta |
| | | | | An fhianaise ábhartha ar fad a mheas i gcomparáid leis na ceanglais dhlíthiúla le haghaidh chásanna achomhairc Bhaile Átha Cliath |
| | | | | Assess applications submitted by a child applicant according to the EUAA structured method of evidence assessment |
| | | | | Assess applications submitted by a SOGI applicant according to EUAA structured method of evidence assessment |
| | Freagracht a ghlacadh as na nithe seo a dhéanamh | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinntí ar chásanna neamhchaighdeánacha nó casta tearmainn agus achomhairc, agus an t-údar sin a thabhairt ó bhéal agus i scríbhinn do gach geallsealbhóir, lena n-áirítear an t-iarratasóir (19i) | C | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinntí ar chásanna casta Bhaile Átha Cliath ag an gcéad chéim |
| | | | | Údar a thabhairt, ó fhíoras agus ó dhlí, le cinntí ar chásanna casta Bhaile Átha Cliath le linn na céime achomhairc |
| | An cumas chun na nithe seo a dhéanamh | A chinneadh cé atá freagrach as éileamh ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil (20e) | B | A mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú |
| | | | | Úsáid a bhaint as an modh ábhartha cruthúnais agus fianaise chun a mheasúnú cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú |

## Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh

### ▶ *Dul ann tú féin*

Tá na céadta Ionad 'Europe Direct' ann ar fud an Aontais Eorpaigh.
Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne *https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga*

### ▶ *Ar an bhfón nó i scríbhinn*

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

– ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

– ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,

– tríd an bhfoirm seo a leanas: *https://european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga*

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

### ▶ *Ar líne*

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa *https://european-union.europa.eu*

### ▶ *Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh*

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag *op.europa.eu/ga/publications*. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (*https://europa.eu/european-union/contact-eu/meet-us_ga*).

### ▶ *Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara*

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex *http://eur-lex.europa.eu*

### ▶ *Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh*

Ar an tairseach *http://data.europa.eu/euodp/ga*, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN UNION AGENCY FOR ASYLUM